



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Márta 2023
(OR. en)

6796/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0055(COD)**

**TRANS 73
JAI 209
CATS 13
IA 28
CODEC 252**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	1 Márta 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 128 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le héifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin tiomána áirithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 128 final.

Faoi iamh: COM(2023) 128 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.3.2023
COM(2023) 128 final

2023/0055 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir le héifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin tiomána áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2023) 128-129} - {SEC(2023) 350}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is príomhchuspóir de bheartas iompair an Aontais é an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Tá beartas á shaothrú ag an Aontas chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre agus é mar chuspóir aige básanna, gortuithe agus damáiste do mhaoín a laghdú.

Le 20 bliain anuas, tá bóithre an Aontais i bhfad níos sábháilte ná mar a bhí. Tá laghdú 61,5 % tagtha ar líon na mbásanna ar na bóithre, ó thart ar 51 400 duine in 2001 go dtí thart ar 19 800 duine in 2021. Mar sin féin, ní raibh an feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre láidir go leor chun uailmhian pholaitiúil an Aontais a bhaint amach chun líon na mbásanna ar bhóithre a laghdú 50 % idir 2001 agus 2010, agus 50 % breise idir 2011 agus 2020 (i.e. laghdú 75 % idir 2001 agus 2020), uailmhian a eascraíonn as roinnt doiciméad straitéiseach a d'eisigh an Coimisiún le 20 bliain anuas, amhail an *Páipéar Bán maidir le Beartas Iompair Eorpach le haghaidh 2010*¹, nó an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘Towards a European road safety area: policy orientations on road safety 2011-2020’² [‘I dtreo limistéir Eorpaigh sábháilteachta ar bhóithre: treoshuíomhanna beartas maidir le sábháilteacht ar bhóithre 2011-2020’]. Ina *Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaíthe agus Chliste*³ in 2020, gheall an Coimisiún go ndíreodh sé ar líon na mbásanna a laghdú go nialas i ngach modh iompair faoi 2050.

Cé go raibh líon na mbásanna ar bhóithre in 2020 17 % níos ísle ná mar a bhí in 2019, bhí tionchar mór ag laghdú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe ar mhéid na tráchta ar bhóithre tar éis phaindéim COVID-19⁴ ar an líon sin. Sna blianta roimh 2020, is ar éigean a tháinig laghdú ar líon na mbásanna ar na bóithre. Mar gheall ar an moilliú sin, a tharla cheana thart ar 2014, spreagadh Airí Iompair na mBallstát den Aontas dearbhú aireachta a eisiúint maidir le sábháilteacht ar bhóithre ag cruinniú neamhfhoirmiúil den Chomhairle iompair i Vaileite i mí an Mhárta 2017⁵. Sa dearbhú sin, d'iarr na Ballstáit ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí creat dlíthiúil an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre a neartú chun an treocht mharbhánta sin a aisiompú.

Iarradh go sainráite i nDearbhú Vaileite⁶ go ndéanfaí gníomhaíocht maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána a bhaineann le tiománaithe neamhchónaitheacha:

¹ COM(2001) 370 final.

² COM(2010) 389 final.

³ COM(2020) 789 final.

⁴ Le linn na chéad dianghlása i mí Aibreáin 2020, thuairiscigh Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC) laghdú 70-85 % ar an méid tráchta i gcathracha móra na hEorpa (<https://etsc.eu/covid-19-huge-drop-in-traffic-in-europe-but-impact-on-road-deaths-unclear/>)

⁵ Féach: https://eumos.eu/wp-content/uploads/2017/07/Valletta_Declaration_on_Improving_Road_Safety.pdf; i mí an Mheithimh 2017, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le sábháilteacht ar bhóithre lena bhformhuinítear Dearbhú Vaileite (féach doiciméad 9994/17).

⁶ Dearbhú Vaileite maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre, 2015, pointe 9(c).

‘Iarrann na hairí iompair ar an gCoimisiún: (...) féachaint an bhféadfaí creat dlíthiúil an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre a neartú agus béim ar leith á leagan ar chomhar na mBallstát maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána tiománaithe neamhchónaitheacha, gan dochar don bhunús dlí iomchuí nó do na bunúis dlí iomchuí le haghaidh tograí den sórt sin (...).’

Sa chomhthéacs sin, gné thábhachtach d’iarrachtaí an Aontais feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre is ea forfheidhmiú comhsheasmhach smachtbhannaí i leith cionta tráchta bóthair a dhéantar san Aontas. Mar sin féin, faoin gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair, ní féidir éifeacht uile-Aontais a thabhairt do smachtbhanna an dícháiliúcháin tiomána i gcás ina ndéantar an cion i mBallstát seachas an Ballstát eile seachas an Ballstát a d’eisigh an ceadúnas tiomána.

Toisc gur gníomh ceannasach é ceadúnas tiomána a eisiúint, ní féidir le Ballstát eile doiciméad den sórt sin a tharraingt siar leis an éifeacht chéanna. Dá bhrí sin, ní féidir le haon Bhallstát eile ach an Ballstát a d’eisigh an ceadúnas tiomána é a tharraingt siar le héifeacht uile-Aontais. Ní fhéadfaidh Ballstáit eile srian a chur leis an gceart tiomána ach amháin maidir lena gcríoch féin, i gcomhréir le prionsabal an chríochachais⁷. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go mbunófar creat Aontais ionas go mbeadh éifeacht uile-Aontais ag dícháiliúcháin tiomána agus go gcuirfear cosc ar chiontóirí tráchta bóthair a bheith saor ó phionós a bheag nó a mhór.

Tá éagsúlacht ann ó Bhallstát go chéile i dtaca leis na húdaráis a fhéadfaidh cinntí a ghlacadh lena bhforchuirtear dícháiliúcháin tiomána. Dá bhrí sin, ba cheart forchur an dícháiliúcháin tiomána uile-Aontais a bhunú ar bhonn dhlí náisiúnta an Bhallstáit a d’eisigh an ceadúnas tiomána. Faoin togra, beidh sé d’oibleagáid ar na Ballstáit éifeacht chunta uile-Aontais a thabhairt, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta féin, do dhícháiliúchán tiomána a d’fhorchuir Ballstát eile.

Ba cheart an creat a bheith bunaithe ar an bprionsabal gur cheart na héifeachtaí a bhaineann le tarraingt siar, fionraí nó srianadh ceadúnais tiomána a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir san Aontas ar fad agus, ar an gcaoi sin, dícháiliúchán uile-Aontais a bhunú. Le creat den sórt sin, cuirtear é ar a chumas don Aontas torthaí comhchosúla a bhaint amach amhail agus dá dtabharfaí aitheantas frithpháirteach do na cinntí as a n-eascraíonn dícháiliúcháin tiomána agus, an tráth céanna, freastalaíonn sé ar shainghnéithe an iompair de bhóthar agus áirithítear nach bhfuil aon fhorluí ann idir éifeacht uile-Aontais na ndícháiliúchán tiomána agus na hionstraimí a úsáidtear i réimse an chomhair choiriúil.

Cumhdaítear le raon feidhme an tionscnaimh seo na cionta tráchta bóthair is mó a chuireann le timpistí agus básanna ar bhóithre, mar atá: tiomáint ar róluas; tiomáint faoi thionchar an óil; tiomáint faoi thionchar drugaí agus tiománaithe a bheith ina gcúis le bás nó le gortú tromchúiseach coirp mar thoradh ar aon chion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre.

Ní hamháin go mbíonn tionchar díreach ag luas ar tharlú imbhuailtí agus ar dhéine imbhuailtí, ach déanta na firinne, is é an tiomáint ar róluas an cion tráchta bóthair is mó a thaifeadtar ar an meán⁸. Tagann méadú easpóntaíúil ar an líon imbhuailtí agus ar dhéine na n-imbhuailtí sin

⁷ Athdhearbhaítear an léirmhíniú sin go leanúnach i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh freisin, féach mar shampla: cás C-419/10, Hofmann, ECLI:EU:C:2012:240, agus cás C-260/13, Aykul, ECLI:EU:C:2015:257.

⁸ https://etsc.eu/wp-content/uploads/ETSC_PINFLASH42_v2TH_JC_FINAL_corrected-060522.pdf

de réir mar a mhéadaíonn an luas tiomána. Ar an gcaoi chéanna, tríd an luas a laghdú cúpla km/h fiú amháin, is féidir líon agus déine na n-imbhuailtí a laghdú go mór⁹.

D'fhéadfadh difríocht mhór a bheith ann idir sciar na gcionta maidir le tiomáint ar róluas a dhéanann tiománaithe neamhchónaitheacha ó Bhallstát go chéile. Ar an meán, is tiománaithe neamhchónaitheacha a dhéanann thart ar 18 % de na cionta uile maidir le tiomáint ar róluas. Ciallaíonn sé sin go bhfuil grúpa ábhartha tiománaithe ann a dhéanann cionta tromchúiseacha tráchta i mBallstáit eile ach nach dtugtar chun cuntais (go hiomlán) astu. Is é is aidhm d'fhorfheidhmiú luasteorainneacha tiománaithe a dhíspreagadh ó luasteorainneacha a shárú trí phionós a ghearradh orthu siúd a dhéanann sin. Ní hamháin go ndéanann sé sin difear do luas na dtiománaithe a bhraitheann go bhfuil siad ar nós na dtiománaithe sin a fhaigheann smachtbhannaí (díspreagadh sonrach) i ndáiríre, ach freisin dóibh siúd a fheiceann nó a chloiseann go bhfuil tiománaithe á bpionósú ar bhonn leanúnach (díspreagadh ginearálta)¹⁰.

Trí dheireadh a chur go páirteach leis an tsaoirse ó phionós atá ag na ciontóirí sin cheana féin trí chead a thabhairt do na Ballstáit aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána a eascraíonn as tiomáint ar róluas, táthar ag súil leis go laghdóidh siad a luas tiomána, toisc go mbraithfidh siad gur gá cloí leis na rialacháin maidir le luas ar an gcoigríoch a mhéid céanna a dhéanann siad ina mBallstát féin. Go deimhin, go háirithe ós rud é gurb é an tiomáint ar róluas an cion tráchta bóthair is mó a dhéantar, meastar go mbeidh tionchar suntasach ag an aitheantas frithpháirteach do dhícháiliúcháin tiomána a eascraíonn as an gcion sin a dhéanamh ar shábháilteacht ar bhóithre amháin, mar shampla, measann páirtithe leasmhara áirithe go bhféadfaí 2 100 duine a shábháil gach bliain dá dtiocfadh laghdú 1 km/h ar an meánluas ar gach bóthar ar fud an Aontais¹¹.

Tá feidhm ag an loighic chéanna maidir le tiomáint faoi thionchar an óil. Meastar gur 1,2 milliún a bhí i líon na gcionta maidir le tiomáint faoi thionchar an óil in 2019 agus tuartar go méadóidh sé go 1,5 milliún faoi 2030 agus 2,4 milliún faoi 2050, i bhfianaise fhorbairt dhéine an fhorfheidhmithe thar an tréimhse idir 2010 agus 2019¹². Baineadh úsáid as staidéar a rinneadh le déanaí i gcomhthéacs an tionscadail DRUID (Tiomáint faoi thionchar Drugaí, Alcóil agus Cógas) chun meastachán a dhéanamh ar sciar na gcionta ina raibh an tiúchan alcóil san fhuil (BAC) a tástáladh níos airde ná 0,8¹³. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, measadh go raibh thart ar 26 % de na cionta alcóil uile ina gcionta tromchúiseacha, cionta a bhféadfaí ceadúnas a chailleadh mar thoradh orthu. Ina theannta sin, meastar go ndéanann tiománaithe neamhchónaitheacha thart ar 15 % de na cionta tráchta uile¹⁴.

⁹ Ibid.

¹⁰ Ibid.

¹¹ ETSC (2019), PIN Flash 36, *Reducing Speeding in Europe* <https://bit.ly/2YZgSzz>

¹² An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, Modijefsky, M., Janse, R., Spit, W., et al., *Prevention of driving under the influence of alcohol and drugs: final report* [Tiomáint faoi thionchar alcóil agus drugaí a chosc: tuarascáil chríochnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, <https://data.europa.eu/doi/10.2832/284545>

¹³ An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (2012): *Driving Under the Influence of Drugs, Alcohol and Medicines in Europe – findings from the DRUID project* [Tiomáint faoi Thionchar Drugaí, Alcóil agus Cógas san Eoraip – torthaí an tionscadail DRUID] (https://www.emcdda.europa.eu/attachements.cfm/att_192773_EN_TDXA12006ENN.pdf)

¹⁴ SWD(2023) 126 final

Ar an gcaoi chéanna, is féidir le drugaí tionchar a imirt ar fheidhmeanna meabhrach agus fiseolaíocha, rud is cúis le lagú. Go deimhin, ar bhonn staidéir eipidéimeolaíocha ar líon na mbásanna ar bhóithre ar an leibhéal náisiúnta, meastar go mbíonn baint ag drugaí (lena n-áirítear cógais) le 15-25 % de na básanna ar bhóithre¹⁵. De réir tuarascáil eile den tionscadal DRUID¹⁶, is é an príomhfachtóir ginearálta díspregtha a bhaineann le tiomáint faoi thionchar drugaí an riosca braite a mheastar a bheith ann, mar sin féin, léiríodh i suirbhé a rinneadh in 2018 nach gcreideann ach 14 % den phobal tiomána i gcoitinne gur dócha go ndéanfar seiceáil orthu maidir le húsáid drugaí neamhdhleathacha¹⁷. Ba cheart, dá bhrí sin, infheictheacht fhorfheidhmiú na gcionta a bhaineann le tiomáint faoi thionchar drugaí a ardú. Ar an ábhar sin, agus i ndáil leis an nasc idir drugaí agus alcól (dá ngairtear ‘tiomáint faoi thionchar’ nó ‘DUI’ go coitianta), is gá an cion maidir le tiomáint faoi thionchar drugaí a áireamh sa Treoir atá beartaithe.

Cé is moite de chionta a bhaineann le tiomáint ar róluas agus tiomáint faoi thionchar, d’fhéadfadh iompraíocht eile a sháraíonn rialacháin maidir le trácht ar bhóithre a bheith ina cúis le gortú tromchúiseach coirp nó le básanna fiú amháin, go háirithe i gcás úsáideoirí leochaileacha bóithre amhail leanaí, coisithe, rothaithe, daoine ar scútair (leictreacha) agus iad siúd a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. I dtaca leis na breithnithe sin, déantar foráil sa Treoir atá beartaithe maidir le héifeacht na ndícháiliúcháin a eascraíonn as an iompraíocht sin a leathnú chuig an Aontas ina iomláine.

Sa mheastóireacht a rinneadh ar Threoir 2006/126/CE¹⁸, thángthas ar an gconclúid go gcruthaítear dúshlán toisc nach ann do chreat sonrach agus éifeachtúil de chuid an Aontais maidir le dícháiliúcháin tiomána a mhéid a bhaineann le cosc a chur ar mhí-úsáid ag tiománaithe a dhéanann cionta ar chríoch Ballstáit amháin ach ar féidir leo leanúint de bheith ag tiomáint i mBallstát eile gan iarmhairtí na gcionta a iompar. Tacaíodh leis sin le tuairimí 16 as 21 fhreagróir a rinne ionadaíocht ar údarais náisiúnta agus a d’aithin gur fadhb thábhachtach í nach mbíonn na hiarmhairtí céanna maidir le dícháiliúcháin tiomána ag baint le cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí an Bhallstáit ina ndéantar an cion. Nuair a cuireadh ceist orthu maidir le dícháiliúcháin tiomána uile-Aontais a bheith in easnamh, dícháiliúcháin a chuirfí ar fáil trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chinntí, dheimhnigh roinnt Ballstát go bhfágann sé go mbíonn sé deacair dícháiliúcháin a fhorfheidhmiú thar theorainneacha agus, dá bhrí sin, go mbíonn riosca ag baint leis don tsábháilteacht ar bhóithre san Aontas, go háirithe i gcásanna inar cuireadh cosc tiomána ar thiománaí mar thoradh ar chionta tromchúiseacha (e.g. tiomáint faoi thionchar alcóil). Dearbhaíodh go ginearálta sa suirbhé spriocdhírthe a rinneadh leis na húdarais náisiúnta i gcomhthéacs na meastóireachta go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar thurasóireacht ceadúnais tiomána mar gheall ar chreat de chuid an Aontais maidir le dícháiliúcháin tiomána a bheith in easnamh, cé go mbeadh sé deacair measúnú a dhéanamh ar a thionchar.

¹⁵ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, Modijefsky, M., Janse, R., Spit, W., et al., *Prevention of driving under the influence of alcohol and drugs: final report* [Tiomáint faoi thionchar alcóil agus drugaí a chosc: tuarascáil chríochnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, <https://data.europa.eu/doi/10.2832/284545>

¹⁶ Microsoft Word - FINAL Deliverable 4_2_1 DRAFTv10 (bast.de)

¹⁷ <https://www.esranet.eu/en/publications/>

¹⁸ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD/2022/0017 final *Evaluation of the Directive 2006/126/EC of the European Parliament and of the Council of 20 December 2006 on driving licences* [Meastóireacht ar Threoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána].

I gcásanna ina dtagraíonn an Meabhrán Míniúcháin seo d'aitheantas frithpháirteach do dhícháiliúcháin tiomána i gcomhthéacs na hoibre ullmhúcháin, ba cheart é a léamh mar chuspóir beartais chun foráil a dhéanamh maidir le héifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin tiomána, mar ba é sin bunchuspóir an tionscnaimh riamh.

Thairis sin, rinneadh scrúdú freisin ar fhoráil a dhéanamh maidir le héifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin tiomána trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chinntí i gcomhthéacs na hoibre ullmhúcháin do Threoir 2015/413¹⁹.

Mar chuid den obair ullmhúcháin don athbhreithniú ar Threoir 2006/126/CE, dúirt tromlach mór na bhfreagróirí sa Chomhairliúchán Poiblí Oscailte (68 %, 5 146 as 7 532) go bhfuil sé an-tábhachtach nó tábhachtach nó tábhachtach go leathnófaí raon feidhme na Treorach chun rialacha maidir le haitheantas frithpháirteach do dhícháiliúcháin tiomána a áireamh. Le linn na ceardlainne agus na n-agallamh spriocdhírthe, léirigh formhór na bpáirtithe leasmhara²⁰ tacaíocht d'fhorbairt choincheap an aitheantais fhrithpháirtigh do dhícháiliúcháin tiomána. Mar sin féin, luaigh an Ísiltír roinnt ábhar inní dlíthiúil²¹, agus bhí roinnt ábhar inní ag an nGearmáin ag an gcéim thosaigh ar a laghad.

Ar an iomlán, thacaigh roinnt mhaith páirtithe leasmhara leis an dícháiliúchán tiomána uile-Aontais a chuirfí ar fáil trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chinntí, go háirithe a mhéid a bhaineann le cionta a bhaineann le tiomáint ar róluas agus tiomáint faoi thionchar an óil. Deimhníodh an méid sin sa chomhairliúchán poiblí oscailte, inar mheas thart ar 6 106 fhreagróir (81 %) agus 4 966 fhreagróir (66 %), faoi seach, as 7 532 fhreagróir, i ndáil le dícháiliúchán tiomána uile-Aontais a bheith ann, a chuirfí ar fáil trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chinntí agus a chuirfí i bhfeidhm mar thoradh ar thiomáint faoi thionchar alcóil nó drugaí agus mar thoradh ar thiomáint ar róluas, go bhfuil sé sin an-tábhachtach nó tábhachtach chun athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2006/126/CE. Go háirithe, nuair a cuireadh an cheist orthu maidir le cad iad na cionta ar cheart éifeacht den sórt a thabhairt dóibh san Aontais, roghnaigh 87 % de fhreagróirí sa chomhairliúchán poiblí oscailte (6 586 as 7 532) tiomáint faoi thionchar alcóil agus drugaí agus roghnaigh 46 % (3 470 as 7 532) tiomáint ar róluas. Sna hagallaimh spriocdhírthe, léirigh roinnt páirtithe leasmhara²² tacaíocht do dhícháiliúchán tiomána uile-Aontais a chur ar fáil trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chinntí a eascraíonn as tiomáint ar róluas agus tiomáint faoi thionchar an óil. Thacaigh an tSualainn, an tSlóivéin agus an Bheilg leis sin freisin, cé gur aithin siad na deacrachtaí maidir le teacht ar chomhaontú le Ballstáit eile agus leis an gcur chun feidhme iarbhrí.

In éagmais creat soiléir de chuid an Aontais maidir le dícháiliúchán tiomána uile-Aontais a chuirfí ar fáil trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chinntí, cruthaítear dúshlán a mhéid a bhaineann le cosc a chur ar mhí-úsáid ag tiománaithe agus bíonn tionchar aige ar

¹⁹ Tá staitisticí agus torthaí an tsuirbhé a chuirtear i láthair leis seo ina gcuid de staidéar tacaíochta an mheasúnaithe tionchair le haghaidh an athbhreithnithe ar Threoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, cuibhreannas ECORYS (2022), MOVE/C2/SER/2019-425/SI2.819667 – nasc le cur leis.

²⁰ Cónaidhm Eorpach na n-íospartach bóthair, FR, ETSC, HU, SE, SI, BE, CEETAR, agus NL.

²¹ Chuir NL ábhar inní in iúl maidir leis na rialacha agus nósanna imeachta éagsúla is infheidhme ar fud an Aontais.

²² Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa, Comhlachas Eorpach na Monaróirí Gluaisrothar agus an tAontas Dansk Kørelærer

shábháilteacht ar bhóithre. Chomhthacaigh na Ballstáit leis an toradh sin freisin le linn na n-agallamh spriocdhírthe. Iompraíocht chontúirteach tiománaithe agus líon na dtiománaithe neamhchónaithe a laghdú, is cosúil gur tosca ábhartha iad siúd do pháirtithe leasmhara a d'fhreagair an comhairliúchán poiblí oscailte. Go bunúsach, mheas thart ar 55 % (5 063 as 7 532) agus 69 % (5 201 as 7 532) díobh, faoi seach, go raibh siad ríthábhachtach nó an-tábhachtach.

Sa suirbhé spriocdhírthe, d'aithin tromlach mór de na hionadaithe ó na húdaráis náisiúnta gur fadhb thábhachtach í nach mbíonn na hiarmhairtí céanna maidir le dícháiliúcháin tiomána san Aontas ag baint le cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí an Bhallstáit ina ndéantar an cion (16/21). Sa suirbhé spriocdhírthe, d'aontaigh freagróirí ó eagraíochtaí neamhrialtasacha gur fadhb thábhachtach maidir le sábháilteacht ar bhóithre í nach mbíonn na hiarmhairtí céanna maidir le dícháiliúcháin tiomána ag baint le cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí (64 %). Ar an gcaoi chéanna, d'aontaigh siad gur fadhb thábhachtach maidir le sábháilteacht ar bhóithre í nach mbíonn na hiarmhairtí céanna maidir le pointí pionóis/díobhálacha ag baint le cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí (64 %).

Mheas na húdaráis náisiúnta gur idir 25 000 agus 50 000, ar an meán, atá i líon na gcionta a dhéantar in aghaidh na bliana a mbíonn dícháiliúcháin tiomána mar thoradh orthu. Measadh gur idir 0 agus 5 000 atá i líon na ndícháiliúcháin tiomána do thiománaithe cónaitheacha (e.g. eisítear an ceadúnas tiomána sa Bhallstát céanna a fhorchuireann an dícháiliúchán). Measadh gur idir 0 agus 5 000 atá i líon na ndícháiliúcháin tiomána do thiománaithe neamhchónaitheacha (e.g. ní eisítear an ceadúnas tiomána sa Bhallstát céanna a fhorchuireann an dícháiliúchán). Mheas níos mó freagróirí gur idir 0 agus 1 000 atá i líon na gcionta a dhéantar in aghaidh na bliana a mbíonn pointí pionóis/díobhálacha mar thoradh orthu. Mheas beagáinín níos mó freagróirí gur idir 0 agus 1 000 atá i líon na gcionta a mbíonn pointí pionóis/díobhálacha mar thoradh orthu do thiománaithe cónaitheacha (e.g. eisítear an ceadúnas tiomána sa Bhallstát céanna a fhorchuireann an pointe pionóis/díobhálach). Measadh gur idir 0 agus 5 000 atá i líon na gcionta a mbíonn pointí pionóis/díobhálacha mar thoradh orthu do thiománaithe a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile de chuid an Aontais (e.g. ní eisítear an ceadúnas tiomána sa Bhallstát céanna a fhorchuireann an dícháiliúchán).

I bhfianaise na hoibre ullmhúcháin, deimhnítear gur dócha go mbeidh éifeacht nach beag ar shábháilteacht ar bhóithre ag baint le córas sonrach éifeachtúil a bhunú chun éifeachtaí uile-Aontais a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána. Thairis sin, is cuid de phacáiste é an togra seo a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhá threoir ghaolmhara:

- Treoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre²³ agus
- Treoir 2006/126/CE maidir le ceadúnais tiomána²⁴.

²³ Treoir (AE) Uimh. 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, IO L 68, 13.3.2015, lch. 9.

²⁴ Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána (Athmhúnlú), IO L 403, 30.12.2006, lch. 18.

Tá Treoir (AE) 2015/413 ar cheann de na bunchlocha maidir le forfheidhmiú roinnt cionta tráchta bóthair dea-shainithe, i gcás ina ndearnadh na cionta sin le feithicil atá cláraithe i mBallstát eile seachas an Ballstát ina ndearnadh an cion, rud a léiríonn freisin, i bhformhór na gcásanna, go ndearna ciontóir neamhchónaitheach é. Dá bhrí sin, bhí sé tábhachtach raon feidhme an togra seo a ailíniú le cionta an tionscnaimh sin a mhéid ab fhéidir. Murach sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh uirlisí leordhóthanacha ag na húdaráis forfheidhmiúcháin chun an t-imscrúdú a dhéanamh as a dtiocfadh dícháiliúcháin tiomána. Thairis sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an leibhéal céanna coimircí nós imeachta ag ciontóirí neamhchónaitheacha agus atá ag ciontóirí cónaitheacha, rud a bhfuil sé d'aidhm ag an athbhreithniú ar an treoir sin a ráthú ar bhealach níos fearr. Le linn na hoibre ullmhúcháin don togra seo, tháinig sé chun solais, cé go bhfuil éagsúlacht mhór ann idir na tairseacha is infheidhme as a n-eascraíonn dícháiliúcháin tiomána ó Bhallstát go chéile, go dtagann dícháiliúcháin tiomána as cionta tráchta áirithe a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre i ngach Ballstát nó i bhformhór na mBallstát.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana.**

Pointe fócasach leanúnach den tionscnamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2006/126/CE is ea foráil a dhéanamh maidir le córas chun éifeacht uile-Aontais a bheith ag ciontóirí neamhchónaitheacha a dhícháiliú ó thiomáint²⁵.

Le hAirteagal 11(4) den Treoir, rialaítear gnéithe áirithe de dhícháiliúcháin tiomána. Leis an athbhreithniú ar Threoir 2006/126/CE, a rinneadh i gcomhthráth leis an tionscnamh seo ar mhaithe le comhsheasmhacht dhlíthiúil agus comhleanúnachas dlíthiúil, cumhdófar ceadúnais tiomána a eisiúint do thiománaithe a dícháilíodh agus na díolúintí ó aitheantas frithpháirteach ar cheadúnais tiomána (bailíocht ceadúnas tiomána) i gcás ina bhfuil an sealbhóir faoi réir dícháiliúcháin i mBallstát eile seachas an Ballstát a d'eisigh an ceadúnas tiomána. Thairis sin, beidh forálacha ann lena n-éascófar forfheidhmiú dícháiliúcháin tiomána páirteach tríd an bhféidearthacht maidir le formhuinithe.

B'aidhm athfhillteach de chuid an Choimisiúin é freisin gníomh sonrach dlí a mholadh chun éifeacht uile-Aontais a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chinntí. In 2006, chuir an Coimisiún in iúl i dTeachtaireacht maidir le dícháiliúcháin a eascraíonn as ciontuith coiriúla²⁶ go raibh sé ag déanamh breithniú ar ghníomh dlí a mholadh a chuirfí in ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le dícháiliúcháin tiomána²⁷. A mhéid a bhaineann le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do dhícháiliúcháin i gcoitinne, dhearbhaigh an Coimisiún mar chuid den Teachtaireacht sin go raibh sé i bhfabhar cur chuige earnála, in earnálacha ina bhfuil bonn comhchoiteann ann idir na Ballstáit (amhail dícháiliúcháin tiomána).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra go hiomlán comhsheasmhach freisin leis an *acquis* príomhúil maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

²⁵ Cf. measúnú ar thionchar tionscanta an tionscnaimh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir maidir le ceadúnais tiomána: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12978-Revision-of-the-Directive-on-Driving-Licences_en

²⁶ COM(2006) 73 final.

²⁷ IO C 2016, 10.7.1998, lch. 1.

Níl aon tionchar suntasach aige ar Threoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁸ agus ar Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁹. Tá sé comhsheasmhach freisin le *Creat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 — Na chéad chéimeanna eile i dtreo 'Fís Nialais'*³⁰.

Mar atá thuasluaite, tá athbhreithniú á dhéanamh ar Threoir (AE) 2015/413 i gcomhthráth leis an togra seo, ar mhaithe le comhsheasmhacht dhlíthiúil agus comhleanúnachas dlíthiúil. Chuige sin, ba cheart a athdhearbhú go bhfuiltear ag súil leis go mbeidh Treoir (AE) 2015/413 ina bunchloch don imscrúdú agus, dá bhrí sin, go mbeidh sí ina rannchuidiú leis an bhforfheidhmiú freisin, go háirithe i gcásanna inar braitheadh an ciontóir go cianda. Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag Treoir (AE) 2015/413 athbhreithnithe an malartú faisnéise agus an cúnamh frithpháirteach idir na Ballstáit a leathnú, is féidir a thiomhdiú go dtiocfaidh méadú suntasach ar líon na geionta a imscrúdaítear agus, mar thoradh air sin, ar líon na ndícháiliúchán tiomána a fhorchuirtear.

Ar an gcaoi chéanna, is é is aidhm don athbhreithniú ar Threoir (AE) 2015/413 leibhéal níos airde cosanta a thabhairt do chiontóirí neamhchónaitheacha a bhfuiltear ag dul sa tóir orthu nó a ghabhtar i ndáil lena gcearta nós imeachta agus lena gcearta bunúsacha, gan beann ar cibé acu a bhraitear an cion go cianda nó a ghabhtar an ciontóir sula bhfágann sé an Ballstát ina ndearnadh an cion.

Leis an athbhreithniú ar Threoir 2006/126/CE agus creat an Aontais maidir le ceadúnais tiomána, comhlánófar na rialacha a leagtar síos leis an Treoir atá beartaithe mar a luaitear thuas. Thairis sin, beidh an Treoir athbhreithnithe maidir le ceadúnais tiomána ina cuidiú le forfheidhmiú praiticiúil na srianta páirteacha a chuirtear leis an tiománaí agus neartófar léi an fhéidearthacht don Bhallstát ina ndearnadh an cion gan aitheantas a thabhairt do bhailíocht cheadúnas tiomána an chiontóir sna cásanna nach bhfuil an Treoir atá beartaithe infheidhme.

Ina theannta sin, tá feidhm ag rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta freisin maidir le malartú faisnéise a bhaineann le ceadúnais tiomána, go háirithe:

- Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)³¹; agus
- Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³².

²⁸ Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le cáilíocht tosaigh agus le hoiliúint thréimhsiúil tiománaithe feithiclí áirithe bóthar i gcomhair iompar earraí nó paisinéirí (códú), IO L 330, 23.12.2022, lch. 46.

²⁹ Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfeithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair IO L 325, 16.12.2019, lch. 1.

³⁰ SWD (2019) 283 final.

³¹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

³² Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údarais inniúla chun cionta coiriúla a

Tá an togra comhsheasmhach freisin le hionstraimí eile lena gceadaítear aitheantas frithpháirteach a thabhairt do bhreithiúnais nó do chinntí breithiúnacha in ábhair choiriúla. Líonann sé bearna maidir le dícháiliúcháin tiomána a eascraíonn as cinntí breithiúnacha in ábhair choiriúla. Chun aon fhorluí a d'fhéadfadh a bheith ann idir an Treoir atá beartaithe agus *acquis* Ceartais agus Gnóthaí Baile an Aontais a sheachaint, soiléirítear go bhfuil an togra gan dochar do na hionstraimí sin.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é príomhchuspóir an togra sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus ardleibhéal cosanta a áirithiú do gach úsáideoir bóithre san Aontas, cuspóir a cuireadh i dtábhacht san iarraidh ó Airí Iompair an Aontais i nDearbhú Vaileite.

De réir chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), tá cumhachtaí reachtacha leathana ag reachtóir an Aontais a mhéid a bhaineann le rialacha comhchoiteanna iomchuí a ghlacadh chun comhbheartas iompair a bhunú³³. Is príomhchuspóir de bheartas iompair an Aontais é an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Dá bhrí sin, féadfar bearta lena saothraítear an cuspóir sin a ghlacadh ar bhonn Airteagal 91(1)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)³⁴.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91(1)(c) CFAE an bunús dlí iomchuí don Treoir atá beartaithe.

• An rogha ionstraime

Tugtar deis do reachtóir an Aontais le hAirteagal 91(1)(c) CFAE rialacháin agus treoracha a ghlacadh.

I gcás an togra seo, is treoir an cineál ionstraime is iomchuí a úsáid, chun freastal ar na difríochtaí sna rialacha is infheidhme maidir le dícháiliúcháin tiomána a fhorchur agus a fhorfheidhmiú laistigh de na Ballstáit.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Faoi Airteagal 5(3) CAE, ní ghníomhóidh an tAontas ach amháin i gcás nach féidir leis na Ballstáit an ghníomhaíocht atá beartaithe a ghnóthú go leordhóthanach. Faoin gcreat reachtach atá ann faoi láthair, fiú i gcás tiománaithe cónaitheacha a dhéanann na cionta tráchta bóthair is measa, coinníonn siad a gceart chun tiomána i ngach Ballstát seachas an Ballstát ina ndearnadh an cion, fiú amháin má chuireann an Ballstát sin srian leis na cearta sin. Is é an t-aon chás ina mbíonn éifeacht uile-Aontais ag dícháiliúchán tiomána i gcás inarb é an Ballstát a chuireann an dícháiliúchán tiomána i bhfeidhm an Ballstát a d'eisigh an ceadúnas tiomána don chiontóir.

chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, IO L 119, 4.5.2016, lch. 89.

³³ Cás C-223/02, *an Spáinn agus an Fhionlainn v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, ECLI:EU:C:2004:497, mír 29 agus an cásdlí a luaitear ann.

³⁴ Cás C-43/12, *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, ECLI:EU:C:2014:298, mír 43 agus an cásdlí a luaitear ann.

Ar chúiseanna a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, tá sé rithábhachtach go dtabharfaí éifeacht uile-Aontais do dhícháiliúcháin tiomána laistigh den Aontas Eorpach. Ní féidir é sin a bhaint amach ach amháin trí ionstraim dlí de chuid an Aontais. Is cuid de cheannasacht Ballstáit é an cinneadh ceadúnas tiomána a eisiúint do dhuine nó a cheart a bhaint de dhuine trí dheireadh a chur le bailíocht an cheadúnais sin. Dá réir sin, beidh na héifeachtaí uile-Aontais a bhaineann le dícháiliúchán tiomána i gcónaí ag brath ar ghníomhaíochtaí an Bhallstáit a d'eisigh an ceadúnas tiomána, nach bhfuil an fhaisnéis, na hionstraimí dlí ná an dreasacht is gá aige chun gníomhú gan idirghabháil ón Aontas.

- **Comhréireacht**

Ní théann bearta an tionscnaimh seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir maidir le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú a bhaint amach trí éifeacht uile-Aontais a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána a eascraíonn as cionta áirithe a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a dhéanamh. Foráiltear leis an Treoir nach ndéanfar an dícháiliúchán tiomána a tharchur chuig an mBallstát a d'eisigh an ceadúnas tiomána ach amháin a mhéid a bhaineann leis na mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, arb iad na príomhchúiseanna le timpistí bóthair agus básanna ar bhóithre laistigh den Aontas Eorpach, mar atá, na cionta maidir le tiomáint faoi thionchar an óil (tiomáint le leibhéal alcóil san fhuil a sháraíonn an t-uasluach a cheadaítear leis an dlí) agus tiomáint ar róluas (na luasteorainneacha atá i bhfeidhm don bhóthar nó don chineál feithicle lena mbaineann a shárú), mar aon leis an gcion maidir le tiomáint faoi thionchar drugaí. Is féidir an dícháiliúchán tiomána a tharchur freisin má bhaineann sé le cion tráchta ba chúis le bás nó gortú tromchúiseach coirp.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex-post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2012, rinne an Coimisiún staidéar dlíthiúil³⁵ mar a phríomhstaidéar, ar staid na himeartha i dtaca le dícháiliúcháin laistigh den Aontas i dtrí réimse réamhshainithe, lena n-áirítear dícháiliúcháin tiomána. Rinneadh anailís sa staidéar ní hamháin ar chreat dlíthiúil ábhartha an Aontais, ach ar na conarthaí agus coinbhinsiúin ilnáisiúnta agus déthaobhacha atá ann cheana chomh maith. Thángthas ar an gconclúid sa staidéar, *inter alia*, gur cheart Treoir nua a ghlacadh, chun forfheidhmiú trasteorann dícháiliúchán tiomána a rialáil.

In 2022, rinne an Coimisiún conradh le cuibhreannas, ina bhfuil na cuideachtaí Ecorys, Wavestone agus Grimaldi, chun tacú leis an³⁶ Measúnú Tionchair san athbhreithniú ar Threoir (AE) 2015/413. Mar chuid den staidéar sin, rinneadh taighde forleathan ar an gcreat rialála agus ar dhlí-eolaíocht CBAE maidir le dícháiliúcháin tiomána. Thacaigh conclúid an taighde

³⁵ Vermeulen, Gert & Bondt, Wendy & Ryckman, Charlotte & Persak, Nina. (2012). *The disqualifications triad: approximating legislation, executing requests, ensuring equivalence*.

³⁶ Staidéar tacaíochta an mheasúnaithe tionchair le haghaidh an athbhreithnithe ar Threoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, cuibhreannas ECORYS (2022), MOVE/C2/SER/2019-425/SI2.819667 – nasc le cur leis.

sin freisin le gníomh nua dlí a chruthú chun éifeacht uile-Aontais a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chinntí den sórt sin.

Mar atá thuasluaite, an cás ina ndéanann Ballstát an ceart chun tiomána atá ag sealbhóir ceadúnais tiomána a d'eisigh Ballstát eile a chur ar fionraí, de bhun a reachtaíochta náisiúnta agus mar gheall ar iompraíocht neamhdhleathach ar a chríoch, is le Treoir 2006/126/CE a rialaítear an cás sin go páirteach faoi láthair.

In 2022 d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach meastóireacht *ex-post*³⁷ ar an Treoir sin. Léiríodh sa mheastóireacht go raibh leibhéal coiteann sábháilteachta ann d'úsáideoirí bóithre laistigh den Aontas mar thoradh ar ghníomhaíocht chomhcheangailte Threoir 2006/126/CE agus an dá threoir a tháinig roimpi maidir le ceadúnais tiomána agus gur éascaíodh an tsaorghluaiseacht leo. Léiríodh inti freisin go bhfuil deis ann an leibhéal sábháilteachta ar bhóithre laistigh den Aontas a fheabhsú tuilleadh chomh maith le héifeachtúlacht agus comhréireacht roinnt de na ceanglais rialála.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir leis na Treoirínte maidir le Rialáil Níos Fearr³⁸, le linn na meastóireachta *ex-post* ar Threoir 2006/126/CE agus le linn an mheasúnaithe tionchair ar athbhreithniú na teorach sin, rinneadh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara maidir leis an togra seo freisin.

Le linn chéim ullmhúcháin na meastóireachta *ex-post*, reáchtáladh ceardlann do pháirtithe leasmhara an 16 Deireadh Fómhair 2020, chun fianaise a bhailiú, torthaí sainaitheanta a dheimhniú, aiseolas a lorg i leith torthaí a bhí ag teacht chun cinn agus tuairimí a bhailiú.

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí oscailte ansin idir an 28 Deireadh Fómhair 2020 agus an 20 Eanáir 2021, chun deis a thabhairt don phobal agus do pháirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na rialacha atá i bhfeidhm.

Le linn chéim ullmhúcháin an mheasúnaithe tionchair, tugadh an deis do pháirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt i leith an Mheasúnaithe ar Thionchar Tionscanta (R2 2021). Ina dhiaidh sin, rinneadh na gníomhaíochtaí comhairliúcháin spriocdhírithe seo a leanas:

– Dhá bhabhta agallamh:

- Réamhagallaimh le linn na céime tionscanta (R1 agus R2 2021)
- Agallaimh dhoimhne chun bearnaí faisnéise a líonadh agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a mheastar a bheidh ag bearta beartais (R2 agus R3 2021).

– Dhá bhabhta suirbhéanna:

- Suirbhé chun bunús a thabhairt leis an anailís ar fhadhbanna (R2 2022).

³⁷ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin *Evaluation of the Directive 2006/126/EC of the European Parliament and of the Council of 20 December 2006 on driving licences* [Meastóireacht ar Threoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána], SWD/2022/0017 final.

³⁸ https://commission.europa.eu/law/law-making-process/planning-and-proposing-law/better-regulation_en

- Suirbhé chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart beartais (R2 agus R3 2022).

Ar deireadh, reáchtáladh comhairliúchán poiblí oscailte nua i Ráithe 3 2022.

Tá Parlaimint na hEorpa i bhfabhar an creat maidir le sábháilteacht ar bhóithre a neartú, go háirithe trí ionstraim a thabhairt isteach chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána³⁹.

• **Bailiú agus úsáid saineolais**

Le linn chéim an mheasúnaithe tionchair, reáchtáladh ceardlann do shaineolaithe maidir leis na hiarmhairtí a bhaineann le cionta tráchta bóthair agus maidir le hoiriúnacht sláinte (R2 2022).

Le linn chéimeanna ullmhúcháin chéim na meastóireachta *ex-post* agus chéim an mheasúnaithe tionchair araon, cuireadh an coiste um cheadúnais tiomána arna bhunú faoi Airteagal 9 de Threoir 2006/126/CE, atá comhdhéanta go bunúsach de shaineolaithe de chuid na mBallstát, ar an eolas agus chuathas i gcomhairle leis ar bhonn leanúnach.

• **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair⁴⁰ ar an athbhreithniú ar Threoir 2006/126/CE, lena n-áirítear gnéithe maidir le dícháiliúcháin tiomána. Formheasadh an measúnú tionchair trí nós imeachta i scríbhinn agus fuarthas tuairim dhearfach gan barúlacha ina leith ón mBord um Ghrinnsrúdú Rialála an 18 Samhain 2022⁴¹. Thairis sin, san obair ullmhúcháin ar an athbhreithniú ar Threoir (AE) 2015/413, pléadh go substaintiúil freisin leis an ábhar i dtaca le héifeacht uile-Aontais a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chinntí. Le toradh na hoibre, deimhníodh gur cheart dícháiliúchán tiomána a áireamh san athbhreithniú ar Threoir 2006/126/CE, go háirithe ós rud é nach dtiocfadh sé faoi raon feidhme Threoir (AE) 2015/413. Mar sin féin, agus na roghanna beartais á bhforbairt ag an gCoimisiún, bhain sé úsáid as an bhfaisnéis a bailíodh le linn chéim na mheastóireachta agus chéim an mheasúnaithe don dá Threoir⁴².

Sa tuarascáil chríochnaitheach ar staidéar tacaíochta an mheasúnaithe tionchair le haghaidh an tionscnaimh chun athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2006/126/CE lena gcumhdaítear an togra seo freisin, tá tuairisc chuimsitheach agus measúnú ar bhreisluach an tionscnaimh agus ar na naisc atá aige le tionscnaimh bheartais eile. Is féidir teacht orthu i Ranna 3.3, 1.3 agus 1.5 den tuarascáil sin. Tá tuairisc mhionsonraithe ar na roghanna beartais i Ranna 5.2 agus 8.1, agus cuirtear i láthair anailís chuimsitheach ar thionchair na roghanna uile i Roinn 6. Tá an achoimre ar na roghanna beartais a scrúdaíodh le fáil sa Mheabhrán Miniúcháin a

³⁹ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Creat Beartais AE um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 — Moltaí i dtaca leis na chéad chéimeanna eile i dtreo ‘Fís Nialais’ (2021/2014(INI))

⁴⁰ SWD(2023) 128 final.

⁴¹ RSB/RM/cdd – rsb(2022)7907617

⁴² An measúnú ar chóras aitheantais fhrithpháirtigh uile-Aontais do dhícháiliúcháin tiomána a leagtar amach sa Chaibidil seo, tá sé bunaithe den chuid is mó ar an bhfaisnéis a bailíodh faoi chuimsiú staidéar tacaíochta an Mheasúnaithe Tionchair le haghaidh an athbhreithnithe ar Threoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre — Tuarascáil Chríochnaitheach [le foilsiú].

ghabhann leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar Threoir 2006/126/CE⁴³. Moladh creat AE maidir le forfheidhmiú aonfhoirmeach trasteorann dícháiliúcháin tiomána sa Choinbhinsiún maidir le dícháiliúcháin tiomána in 1998 (Gníomh ón gComhairle an 17 Meitheamh 1998)⁴⁴, nár tháinig i bhfeidhm de dheasca easpa daingniúcháin i measc na mBallstát (níor dhaingnigh ach seacht mBallstát é⁴⁵). Ar an gcúis sin, rinneadh é a aisghairm in 2016⁴⁶.

Is cosúil gur glacadh céim i dtreo éifeacht uile-Aontais a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána le glacadh Threoir 2006/126/CE, ar treoir í inar leasaíodh go páirteach forálacha ábhartha na Treorach a bhí ann roimhe sin maidir le ceadúnais tiomána (Airteagal 8 de Threoir 91/439/CEE)⁴⁷, chun feiniméan na ‘turasóireachta ceadúnais tiomána’ a mhaolú. Mar sin féin, níor tugadh an tsoiléireacht ba ghá le foclaíocht na forála nua, Airteagal 11(4) de Threoir 2006/126/CE. Rinne CBAE an fhoráil atá i gceist a léirmhíniú⁴⁸ roinnt uaireanta, mar gheall ar amhras a eascraíonn as a foclaíocht agus ar na cásanna éagsúla ab infheidhme maidir leis na dícháiliúcháin a fhorchuirtear ar chónaitheoirí agus ar neamhchónaitheoirí. Thairis sin, mar a chuir CBAE i dtábhacht go láidir freisin⁴⁹, níl oibleagáid den sórt sin éifeachtach ná infhorfheidhmithe go dtí go gcuirfear córas malartaithe faisnéise maidir le dícháiliúcháin chun feidhme idir na Ballstáit, lena gcuirfear ar a gcumas do gach Ballstát a fhíorú an bhfuil dícháiliúcháin a forchuireadh ar an gcoigríoch ar feitheamh nó ar forchuireadh é ar iarratasóir ar cheadúnas tiomána.

Mar thoradh ar na fadhbanna a thuairiscítear thuas, faoin gcreat atá ann faoi láthair, déantar ciontóirí neamhchónaitheacha a dhícháiliú ó thiomáint sa tír ina bhfuil cion déanta acu, agus sa tír sin amháin, ach is féidir leo tiomáint i ngach Ballstát eile den Aontas Eorpach, seachas i gcás ina gcuireann a mBallstát eisiúna an dícháiliúcháin i bhfeidhm. Is fadhb mhór í sin, má chuirtear san áireamh an riosca tromchúiseach do shábháilteacht ar bhóithre a bhaineann le tiománaithe atá i gcúrsaíocht laistigh den Aontas agus a bhfuil a gceadúnas tiomána curtha ar fionraí, srianta nó tarraingthe siar i gceann de na Ballstáit mar gheall ar sháruithe tromchúiseacha agus sáruithe athdhearbhaithe ar rialacha maidir le trácht ar bhóithre.

Mar bharr air sin, seachas i gcás toirmeasc sainráite chuige sin (nó i gcás nach gcuirtear Ballstáit eile ar an eolas go cuí faoi thoirmeasc atá ar feitheamh), beidh an tiománaí neamhchónaitheach in ann iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nua ina thír chónaithe, chun an ceart chun tiomána i ngach áit a aisghabháil, toisc go mbeadh an cheadúnas nua le haithint, i bprionsabal, i ngach tír, lena n-áirítear an tír ina ndearnadh an cion. D’fhéadfadh tiománaí atá

⁴³ COM(2023) 127 final

⁴⁴ Gníomh ón gComhairle an 17 Meitheamh 1998 lenar tarraingíodh suas an Coinbhinsiún maidir le Dícháiliúcháin Tiomána (98/C 216/01).

⁴⁵ BG, CY, IE, RO, SK, ES agus UK.

⁴⁶ Rialachán (AE) 2016/95 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2016 lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, IO L 26, 2.2.2016, lch. 9.

⁴⁷ Treoir 91/439/CEE ón gComhairle an 29 Iúil 1991 maidir le ceadúnais tiomána (IO L 237, 24.8.1991, lch. 1)

⁴⁸ Féach, go háirithe, Breithiúnas an 20 Samhain 2008, Weber, Cás C-1/07, ECLI:EU:C:2008:640; Breithiúnas an 2 Nollaig 2010, Scheffler, Cás 334-09, ECLI:EU:C:2010:731; Breithiúnas an 26 Aibreán 2012, Hofmann, C-419/10, ECLI:EU:C:2012:240, mír 71; Breithiúnas an 23 Aibreán 2015, Aykul, C-260/13, ECLI:EU:C:2015:257; Breithiúnas an 21 Bealtaine 2015, Wittmann, C-339/14; ECLI:EU:C:2015:333.

⁴⁹ Cás C- 419/10, Hofmann, ECLI:EU:C:2012:240, mír 82.

dícháilithe ina thír féin an rud céanna a dhéanamh, trína áit chónaithe a athrú sula ndéanann sé iarratas ar cheadúnas nua.

Go deimhin, tá an bunús dlí i dtaca le faisnéis a mhalartú ar fud an Aontais maidir le dícháiliúcháin tiomána cumhdaithe cheana féin i dTreoir 2006/126/CE⁵⁰ lena gceanglaítear go sainráite go ndéanfaidh na Ballstáit cúnamh a thabhairt dá chéile i gcur chun feidhme a mbeart agus faisnéis a mhalartú maidir leis na ceadúnais a rinne siad a eisiúint, a mhalartú, a athsholáthar, a athnuachan nó a chúlghairm, trí úsáid a bhaint as líonra an Aontais um cheadúnais tiomána a bunaíodh chun na gcríoch sin (i.e. RESPER). Ina theannta sin, le Treoir (AE) 2015/413 d'fhéadfaí forfheidhmiú a éascú freisin trí cheangal a chur ar an mBallstát a ndearnadh an cion ar a chríoch an ciontóir a chur ar an eolas faoi aon dícháiliúchán a ghabhann leis an gcion a líomhnaítear a rinneadh.

Measúnú ar bhearta agus roghanna beartais

Tá na bearta faoi na roghanna beartais éagsúla faoi réir measúnú cainníochtúil ar an tionchar eacnamaíoch, an tionchar sóisialta (sábháilteacht ar bhóithre) agus an tionchar ar chearta bunúsacha a bhaineann leo. Roghnaíodh tréimhse ama idir 2025 agus 2050 chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair, i gcomhréir leis na réamh-mheastacháin bhunlíne. Maidir le cearta bunúsacha, déanfar na héifeachtaí a rialú fós trí na rialacha maidir le cosaint sonraí a chur chun feidhme go docht, go háirithe in RESPER.

An tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bhaineann leis an rogha thosaíochta i dtaca le héifeacht uile-Aontais a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána, meastar go mbeidh an tionchar sin dearfach ar an iomlán agus ba cheart go méadófaí an tsábháilteacht ar bhóithre ar fud na mBallstát mar gheall ar an tionscnamh. Trí mhéadú a dhéanamh ar an dóchúlacht go ndéanfar dícháiliúchán tiomána arna eisiúint i gcomhthéacs trasteorann a fhorghníomhú go héifeachtúil, méadaítear an éifeacht dhíspreagthach ar choir a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a dhéanamh gan beann ar theorainneacha na mBallstát. Bheadh an tionchar sóisialta an-dearfach ar an iomlán toisc gur féidir a áirithiú nach bhfágfar bearta a bhaineann le cionta tráchta bóthair arna ndéanamh ag eachtrannach gan forghníomhú.

Beidh méadú teoranta ar chostais oibriúcháin RESPER mar thoradh ar spriocanna an tionscnaimh. Mar sin féin, ba cheart gur mhó i bhfad a bheidh na tairbhí a bhaineann le beatha daoine a shábháil mar gheall ar shábháilteacht mhéadaithe ar bhóithre.

Meastar nach ndéanfar difear díreach do ghnólachtaí, do FBManna ná do mhicrifhiontair leis an togra reachtach seo.

• Cearta bunúsacha

Trí éifeacht uile-Aontais a thabhairt do bhearta maidir le dícháiliúcháin tiomána, d'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach ar chearta bunúsacha a chosnaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais⁵¹ (an Chairt) agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine⁵² (ECHR).

⁵⁰ Airteagal 15, Airteagal 7(5) agus, de réir cásdlí, Airteagal 11(4) den Treoir sin freisin.

⁵¹ IO C 326, 26.10.2012, lch. 391

⁵² Comhairle na hEorpa, an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna leasú le Prótacail Uimh. 11, 14 agus 15, 4 Samhain 1950, ETS 5

Leis an gcinneadh ón mBallstát eisiúna éifeacht uile-Aontais a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána, cuirfear teorainn bhreise leis an bhféidearthacht atá ag an gciontóir feithicil chumhacht-thiomáinte a thiomáint san Aontas. Ag brath ar a staid phearsanta, d'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh d'fheidhmiú a ghníomhaíochta gairmiúla, dá shaol teaghlaigh, agus do na féidearthachtaí maidir le húsáid a bhaint as a mhótarfheithicil nó a mótarfheithicilí. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an togra difear a dhéanamh do roinnt ceart bunúsach; an ceart chun obair a dhéanamh nó an tsaoirse fiontraíochta, an ceart chun saol an teaghlaigh, an ceart chun maoine. Thairis sin, d'fhéadfadh na nósanna imeachta atá beartaithe tionchar a imirt freisin ar an gceart chun triail chóir a fháil, an ceart chun cosanta agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint.

Féadfar teorainneacha a chur le cearta bunúsacha ciontóra má tá gá leo agus má chomhlíonann siad dáiríre cuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas. Is amhlaidh atá i gcás inarb é an cuspóir leasa ghinearálta arna aithint ag an Aontas, feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. Ní théann na teorainneacha thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach: Maidir le tiománaí a rinne cionta tráchta bóthair den sórt sin i mBallstát seachas an Ballstát inar eisíodh a cheadúnas tiomána, agus tairbhe á baint aige as an tsaorghluaiseacht, ba cheart na hiarmhairtí céanna a bheith i ndán dó i gcás ina ndícháilítear a cheadúnas tiomána, mar atá i gcás tiománaí ón mBallstát sin ina ndearnadh an cion. Ba cheart dóibh a gceadúnas tiomána nó a gceart tiomána a chailleadh san Aontas ar fad. Murach sin, ní fhéadfaí an tsábháilteacht ar bhóithre a chosaint ach amháin sa Bhallstát ina ndearnadh an cion, rud a bheadh ina thoradh páirteach agus neamhéifeachtúil.

Thairis sin, áirítear roinnt coimircí tábhachtacha sa Treoir atá beartaithe. Déantar foráil sa togra maidir le forais le haghaidh díolúine, i gcás ina bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint, ar bhonn fianaise shonrach agus oibiachtúil, go mbeadh sárú ar cheart bunúsach a leagtar amach sa Chairt i gceist le forghníomhú an dícháiliúcháin tiomána, in imthosca áirithe an cháis. Tá feidhm ag foras eile le haghaidh díolúine i gcás nach n-urramaítear na coimircí nós imeachta a bhaineann le nósanna imeachta *in absentia*. Tá sé cosúil leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir le hionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh eile ó tháinig Cinneadh Réime 2009/299/CGB i bhfeidhm lena bhfeabhsaítear cearta nós imeachta daoine agus lena gcothaítear cur i bhfeidhm phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh maidir le cinntí a thugtar in éagmais an duine lena mbaineann ag an triail⁵³.

Ina theannta sin, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh leigheasanna dlí atá coibhéiseach leo siúd atá ar fáil i gcás intíre comhchosúil ar fáil sa Bhallstát ina ndearnadh an cion agus go bhféadfaidh an ciontóir achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh lena n-áirithítear éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána, rud a chuirfidh deireadh leis an éifeacht sin agus a fhágfaidh go mbeidh an dícháiliúchán teoranta do dhícháiliúchán an Bhallstáit sin ina ndearnadh an cion i gcás ina n-éiríonn leis an gciontóir san achomharc. Thairis sin, beidh ar na húdaráis faisnéis a chur ar fáil maidir leis na féidearthachtaí faoin dlí náisiúnta leigheasanna dlí den sórt sin a lorg i gcás ina dtagann siad chun bheith infheidhme agus in am trátha chun a áirithiú gur féidir iad a fheidhmiú go héifeachtach.

⁵³ Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 lena leasaítear Cinntí Réime 2002/584/CGB, 2005/214/CGB, 2006/783/CGB, 2008/909/CGB agus 2008/947/CGB, agus ar an gcaoi sin ag feabhsú cearta nós imeachta daoine agus ag cothú phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i leith cinntí a tugadh in éagmais an duine lena mbaineann ag an triail (IO L 81, 27.3.2009, lch. 24.)

Más rud é go gcuirtear i bhfeidhm iad le comhréireacht agus má dhéantar iad a chomhlánú le coimircí nós imeachta éifeachtacha mar a thuairiscítear thuas, tá na bearta sa togra seo i gcomhréir le ceanglais maidir le cearta bunúsacha.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Maidir le tarchur agus cumarsáid idir údaráis, déantar foráil maidir le réitigh theicniúla atá ann cheana (amhail RESPER - an líonra chun faisnéis a mhalartú maidir le ceadúnais).

Bheadh gá le roinnt modhnuithe teicniúla chun a áirithiú go mbeidh RESPER in ann eilimintí breise a bhaineann le dícháiliúcháin tiomána a mhalartú. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gur dócha nach mbeidh na costais sin suntasach ar an iomlán. Tá sé beartaithe go gcumhdóidh na Ballstáit a gcostais féin a eascraíonn as cur i bhfeidhm na Treorach atá beartaithe. Baineann na costais ghaolmhara leis an am breise a chaithfear ar imscrúduithe agus na costais a bhaineann le fógra a thabhairt don chiontóir eachtrach.

Ar deireadh, is fiú a thabhairt faoi deara cé gur minic a dhéantar dícháiliúcháin tiomána a chúpláil le pionóis airgid, leis an togra seo déantar pionóis den sórt sin a chur as an áireamh d'aon ghnó óna raon feidhme agus, dá bhrí sin, ní bheidh sé ina rannchuidiú lena bhforfheidhmiú.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leis an togra, forchuirtear oibleagáid tuairiscithe ar an gCoimisiún i leith Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, maidir le cur chun feidhme na treorach atá beartaithe, lena n-áirítear, go háirithe, a tionchar ar shábháilteacht ar bhóithre. Beidh an tuarascáil ón gCoimisiún dlite cúig bliana tar éis do na Ballstáit an treoir atá beartaithe a thrasú.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Airteagal 1: Cuspóir agus ábhar

Is é is aidhm don togra ardleibhéal cosanta a áirithiú d'úsáideoirí bóithre san Aontas, trí rialacha a leagan síos lena bhforáiltear d'éifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin tiomána a eascraíonn as mórchionta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre arna ndéanamh i mBallstát seachas an Ballstát a d'eisigh ceadúnas tiomána an chiontóra.

Airteagal 2: Sainmhínithe

Tugtar sainmhínithe in Airteagal 2 ar phríomhchoincheapa áirithe a úsáidtear sa togra.

Áirítear leo sin sainmhínithe ar choincheapa amhail 'dícháiliúchán tiomána', 'Ballstát an chiontóra' (áit a ndéantar an cion), 'Ballstát eisiúna' (a d'eisigh an ceadúnas tiomána) agus 'duine lena mbaineann'.

Cuimsítear leis an sainmhíniú ar 'dhícháiliúchán tiomána' aon chinneadh críochnaitheach lena bhforchuirtear dícháiliúchán tiomána a bhaineann le cion tráchta bóthair a dhéanamh, arb é an toradh a bhíonn air aon bheart maidir leis an gceadúnas tiomána nó an ceart tiomána a

tharraingt siar, a shrianadh nó a chur ar fionraí, gan beann ar cé acu a cháilíonn sé mar bheart sábháilteachta nó mar phionós nó mar smachtbhanna riaracháin nó coiriúil. Déantar sainmhíniú freisin ar na coincheapa maidir le tarraingt siar, srianadh agus cur ar fionraí. Tá feidhm ag an treoir maidir le líon teoranta ‘mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre atá dea-shainithe, is é sin tiomáint faoi thionchar an óil, tiomáint ar róluas, tiomáint faoi thionchar drugaí, agus rialacháin maidir le trácht ar bhóithre a shárú a mbíonn mar thoradh air bás nó gortú tromchúiseach coirp. Sainmhínítear ‘coinníollacha breise’ ann freisin mar choinníollacha nach mór don duine lena mbaineann dícháiliúchán tiomána a chomhlíonadh chun a c(h)eadúnas tiomána nó a c(h)heart tiomána a aisghabháil.

I gcás coincheapa áirithe, amhail ‘mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre’, ‘feithicil chumhacht-thiomáinte’, ‘ceadúnas tiomána’ agus ‘gnáthchónaí’, déantar crostagairtí do shainmhínithe in ionstraimí eile de chuid an Aontais.

Airteagal 3: Éifeacht uile-Aontais dícháiliúchán tiomána

Bunaítear leis an prionsabal gur cheart éifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúchán tiomána arna eisiúint ag Ballstát chuig duine nach bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Bhallstát sin agus a bhfuil ceadúnas tiomána aige nó aici a d’eisigh Ballstát eile.

Airteagal 4: Dualgas maidir le fógra a thabhairt faoi dhícháiliúchán tiomána

Ceanglaítear ar Bhallstát an chiona fógra a thabhairt don Bhallstát eisiúna maidir le haon dícháiliúchán tiomána a mhaireann aon mhí amháin ar a laghad. Ba cheart an fógra a thabhairt trí bhithin deimhniú caighdeánach, a tharchuirtear idir pointí teagmhála náisiúnta an dá Bhallstát lena mbaineann.

Airteagal 5: Deimhniú caighdeánach agus modhanna tarchuir

Leis an bhforáil seo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun formáid agus ábhar an deimhnithe chaighdeánaigh a bhunú roimh dháta thrasúí na Treorach. Liostaítear san fhoráil seo na heilimintí is tábhachtaí ba cheart a bheith sa deimhniú.

Leagtar síos san airteagal seo freisin rialacha maidir leis na teangacha inar féidir an deimhniú a tharchur agus sonraítear ann gur cheart an deimhniú a tharchur trí RESPER.

Airteagal 6: Éifeacht uile-Aontais na ndícháiliúchán tiomána a áirithiú

Ba cheart don Bhallstát eisiúna na bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh éifeacht uile-Aontais ag an dícháiliúchán tiomána, seachas i gcás ina bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine a leagtar síos in Airteagal 8.

I gcásanna inarb é atá i gceist leis an dícháiliúchán tiomána an ceadúnas tiomána nó an ceart chun tiomána a tharraingt siar, ba cheart don Bhallstát eisiúna an ceadúnas tiomána a tharraingt siar. Ba cheart don duine lena mbaineann an ceadúnas tiomána nó an ceart chun tiomána a fháil ar ais i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme sa Bhallstát sin in imthosca comhchosúla. Cuirfidh an Ballstát sin san áireamh, a mhéid is féidir, aon chuid de na coinníollacha atá comhlíonta cheana féin ag an duine lena mbaineann i mBallstát an chiona chun an ceadúnas tiomána nó an ceart chun tiomána a aisghabháil.

I gcásanna inarb é atá i gceist leis an dícháiliúchán tiomána an ceadúnas tiomána nó an ceart chun tiomána a chur ar fionraí nó a shrianadh, ba cheart an beart a dhéanann an Ballstát eisiúna a bheith teoranta d'áirithiú go mbeidh an tréimhse chéanna a baint leis an dícháiliúchán tiomána uile-Aontais leis an tréimhse a bhaineann leis an dícháiliúchán tiomána a d'fhorchuir Ballstát an chiona, gan beann ar cé acu a fhorchuireann nó nach bhforchuireann an Ballstát sin coinníollacha ar an duine lena mbaineann chun an ceadúnas tiomána nó an ceart chun tiomána a aisghabháil.

Airteagal 7: Éifeachtaí dícháiliúchán tiomána i mBallstát an chiona

Soiléirítear san Airteagal seo nach gcuirtear cosc ar fhorghníomhú an dícháiliúcháin tiomána arna fhorchur ag Ballstát an chiona laistigh dá chríoch leis an Treoir agus go háirithe le cur i bhfeidhm aon fhorais le haghaidh díolúine a leagtar síos in Airteagal 8 ag an mBallstát eisiúna.

Thairis sin, soiléirítear ann, i gcás ina n-áirítear le dícháiliúchán tiomána arna fhorchur ag an mBallstát sin ina ndearnadh an cion coinníollacha nach mór don duine lena mbaineann a chomhlíonadh chun an ceadúnas tiomána nó an ceart chun tiomána a aisghabháil, gur féidir leis an mBallstát sin leanúint den dícháiliúchán a chur i bhfeidhm ar a chríoch go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha.

Airteagal 8: Forais le haghaidh díolúine

Leagtar síos in Airteagal 8 liosta uileghabhálach d'fhorais le haghaidh díolúintí, ar forais iad ar cheart don Bhallstát eisiúna diúltú éifeacht uile-Aontais a thabhairt don dícháiliúchán ar a mbonn, mar aon le liosta d'fhorais bhreise le haghaidh díolúintí ar féidir leis diúltú éifeacht uile-Aontais den sórt sin a thabhairt ar a mbonn.

Áirítear ar an liosta forais le haghaidh díolúine amhail an deimhniú a bheith neamhiomlán; teorainn aoise an duine lena mbaineann; díolúine nó pribhléid; nó i gcás nach bhfuil ach mí amháin nó níos lú sa tréimhse atá fágtha den dícháiliúchán tiomána.

Sula ndéanfar aon fhoras díolúine a agairt, ba cheart don Bhallstát eisiúna dul i gcomhairle le Ballstát an chiona.

Airteagal 9: Teorainneacha ama

Bunaítear leis an Airteagal seo nach mór don Bhallstát eisiúna an beart a dhéanamh lena dtugtar éifeacht uile-Aontais don dícháiliúchán tiomána tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis an deimhniú a fháil.

I gcásanna sonracha nach féidir leis an mBallstát eisiúna an teorainn ama a leagtar síos do chéim an aitheantais a chomhlíonadh, ní mór dó Ballstát an chiona a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leis, ach beidh sé d'oibleagáid air i gcónaí éifeacht uile-Aontais a thabhairt don dícháiliúchán tiomána gan mhoill.

Airteagal 10: Comhairliúcháin idir na Ballstáit

Foráiltear leis an airteagal seo gur cheart do na Ballstáit dul i gcomhairle le chéile, trí mhodhanna iomchuí agus gan mhoill, chun cur i bhfeidhm éifeachtúil na Treorach seo a áirithiú.

Airteagal 11: Faisnéis atá le tabhairt don Bhallstát eisiúna

Déantar foráil san airteagal seo maidir le cur in iúl éigeantach faisnéise ón mBallstát eisiúna do Bhallstát an chiona faoi ghnéithe agus céimeanna éagsúla sa nós imeachta.

Airteagal 12: Faisnéis atá le tabhairt do Bhallstát an chiona

Faoi Airteagal seo, ní mór do Bhallstát an chiona an Ballstát eisiúna a chur ar an eolas faoi imthosca a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chinneadh bunaidh lena bhforchuirtear an dícháiliúcháin tiomána agus faoi chur i gcrích an dícháiliúcháin tiomána ar a chríoche.

Airteagal 13: An oibleagáid maidir leis an duine lena mbaineann a chur ar an eolas

Ní mór don Bhallstát eisiúna an duine lena mbaineann a chur ar an eolas faoi chinneadh nó beart arna dhéanamh i ndáil leis an dícháiliúcháin tiomána. Déantar tagairt shonrach don fhaisnéis atá le roinnt maidir le leigheasanna dlí atá ar fáil faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna.

Airteagal 14: Leigheasanna dlí

Foráiltear leis an Airteagal seo gur cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh leigheasanna dlí leormhaithe i bhfeidhm in aghaidh cinntí a dhéantar de bhun na Treorach seo. Soiléirítear ann nár cheart agóid a dhéanamh in aghaidh an dícháiliúcháin tiomána ar thug Ballstát an chiona fógra ina leith, ach amháin i gcaingean a thugtar i mBallstát an chiona.

Airteagal 15: Pointí teagmhála náisiúnta

Ní mór do na Ballstáit pointí teagmhála náisiúnta a bhunú. I gcomhréir le hAirteagal 4, is iad na pointí teagmhála náisiúnta sin a tharchuirfidh na deimhnithe. Ba cheart dóibh comhoibriú freisin leis na húdaráis a bhfuil baint acu le forfheidhmiú na ndícháiliúcháin tiomána.

Airteagal 16: Staidreamh

Faoi Airteagal seo, ní mór do na Ballstáit sonraí a bhailiú go tráthrialta ó na húdaráis ábhartha agus staidreamh cuimsitheach a choinneáil maidir le dícháiliúcháin tiomána. Beidh an staidreamh a bhaileofar le seoladh chuig an gCoimisiún gach bliain. Is gá sonraí cuimsitheacha a bhailiú maidir le dícháiliúcháin tiomána chun gur féidir measúnú críochnúil a dhéanamh ar fheidhmiú an tsásra a leagtar síos leis an Treoir seo.

Airteagal 17: Nós imeachta coiste

Leis an Airteagal seo, bunaítear an nós imeachta chun an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 5 a ghlacadh.

Airteagal 18: Gaol le gníomhartha dlí eile

Leis an Airteagal seo, leagtar síos nach ndéanann an Treoir seo difear do na cearta agus do na hoibleagáidí a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais a bhaineann le comhar breithiúnach agus cearta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe.

Airteagal 19: Trasuí

Ní mór do na Ballstáit forálacha na Treorach a thrasú laistigh de thréimhse ama ar leith agus ní mór dóibh na bearta náisiúnta sin a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 20: Tuarascáil maidir leis an gcur i bhfeidhm

Bunaítear oibleagáid tuairiscithe agus cuirtear ar an gCoimisiún í a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na teorach atá beartaithe.

Airteagal 21: Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Is foráil chaighdeánach í seo lena sonraítear go dtiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe san Iris Oifigiúil.

Airteagal 22: Seolaithe

Is foráil chaighdeánach í seo lena sonraítear gur chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le héifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin tiomána áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), pointe (c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is príomhchuspóir de bheartas iompair an Aontais é feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. I gCreat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030³, agus i dtaca leis an sprioc uailmhianach atá aige, gheall an Coimisiún an athuair go mbeidh líon na mbásanna gar do nialas agus nach mbeidh aon ghortuithe tromchúiseacha ann ar bhóithre an Aontais faoi 2050 ('Fís an Nialais'), sin agus an aidhm mheántéarmach go mbeidh laghdú 50 % ar líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha faoi 2030.
- (2) D'fhoill an sprioc maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre a bhaint amach, i nDearbhú Vaileite 2017 maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre an 29 Márta 2017, d'iarr Airí Iompair na mBallstát go ndéanfaí creat dlíthiúil an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre a neartú, agus go ndíreofaí go háirithe ar an ngá go n-oibreodh na Ballstáit i gcomhar maidir le dícháiliúcháin tiomána tiománaithe neamhchónaitheacha.

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ SWD(2019)283 final.

- (3) Mar thoradh ar shaorghluaiseacht daoine agus trácht idirnáisiúnta ar bhóithre atá ag dul i méid, is minic a bhíonn dícháiliúcháin tiomána á bhforchur ag Ballstáit seachas an Ballstát ina mbíonn gnáthchónaí ar an tiománaí, agus a d'eisigh an ceadúnas tiomána.
- (4) Go dtí seo, féadfaidh Ballstát seachas an Ballstát ina mbíonn gnáthchónaí ar an tiománaí bearta a dhéanamh, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta, agus mar thoradh ar iompraíocht neamhdhleathach ar a chríoch ag sealbhóir ceadúnais tiomána a fuarthas i mBallstát eile, rud a fhágann go ndíúltaítear aitheantas a thabhairt do bhailíocht ceadúnas tiomána arna n-eisiúint ag Ballstáit eile agus, dá bhrí sin, go gcuirtear srian le ceart tiomána an duine lena mbaineann. Tá raon feidhme na mbeart sin teoranta do chríoch an Bhallstáit inar tharla an iompraíocht neamhdhleathach, áfach, agus tá a n-éifeacht teoranta don diúltú aitheantas a thabhairt do bhailíocht an cheadúnais sin laistigh den chríoch sin. Dá réir sin, in éagmais aon ghníomhaíochta ón mBallstát a d'eisigh an ceadúnas tiomána, leanann an ceadúnas tiomána sin de bheith aitheanta i ngach Ballstát eile. Le cás den sórt sin, áfach, cuirtear cosc ar leibhéal níos airde sábháilteachta ar bhóithre a bhaint amach san Aontas. Tiománaithe atá dícháilithe ón tiomáint i mBallstát seachas an Ballstát a d'eisigh an ceadúnas tiomána, níor cheart dóibh éalú ó éifeachtaí an bhirt sin agus iad i láthair i mBallstát seachas Ballstát an chiona.
- (5) D'fhonn ardleibhéal cosanta a áirithiú do gach úsáideoir bóithre san Aontas, is gá rialacha sonracha a leagan síos maidir le cur i bhfeidhm uile-Aontais na ndícháiliúcháin tiomána arna bhforchur ag Ballstát seachas an Ballstát a d'eisigh ceadúnas tiomána an chiontóra, ar dícháiliúcháin iad a eascraíonn as mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre.
- (6) Mar sin féin, níor cheart é a bheith de cheangal rialacha náisiúnta a bhaineann le sainmhíniú cionta tráchta bóthair, lena gcineál dlíthiúil agus leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir leis na cionta sin a chomhchuihbhiú mar gheall ar chur chun feidhme na Treorach seo. Go háirithe, ba cheart éifeacht uile-Aontais dícháiliúcháin tiomána a shaothrú gan beann ar cháiliú na mbeart náisiúnta i mBallstát an chiona mar bhearta riaracháin nó bearta coiriúla.
- (7) Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do na rialacha maidir le comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus maidir le haitheantas frithpháirteach na gcinntí breithiúnacha gaolmhara. Chomh maith leis sin, níor cheart difear a dhéanamh don fhéidearthacht atá ag údarais bhreithiúnacha na mBallstát cinntí a d'eisigh siad a fhorghníomhú, go háirithe cinntí de chineál coiriúil.
- (8) Is é is aidhm bheacht don Treoir seo é a chur ar a chumas don Aontas an sprioc maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre ar fud an Aontais a shaothrú. Mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais, is cuid de bheartas iompair iad bearta lena bhféachtar le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bóithre agus féadfar iad a ghlacadh ar bhonn Airteagal 91(1), pointe (c) den Chonradh⁴, a mhéid is bearta iad 'chun sábháilteacht iompair a fheabhsú' de réir bhrí na forála sin⁵.

⁴ IO C 202, 7.6.2016.

⁵ Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 6 Bealtaine 2014, an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle, C-43/12, EU:C:2014:298, mír 43.

- (9) Is éard is féidir a bheith i gceist le dícháiliúcháin tiomána a eascraíonn as mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, an ceadúnas tiomána nó ceart tiomána an chiontóra a tharraingt siar, a shrianadh nó a chur ar fionraí. I gcás ina ndearnadh an cion sa Bhallstát a d'eisigh an ceadúnas tiomána, is féidir iad a chur ar ceal freisin. Dá bhrí sin, ba cheart éifeachtaí uile-Aontais na ndícháiliúcháin tiomána a bhaint amach trí chur i bhfeidhm na mbeart sin ar fad ag an mBallstát a d'eisigh an ceadúnas tiomána.
- (10) Ós rud é go bhfuil tiomáint faoi thionchar an óil (is é sin a bheith ag tiomáint le leibhéal alcóil san fhuil a sháraíonn an luach uasta a cheadaítear leis an dlí), tiomáint ar róluas (is é sin a bheith ag sárú na luasteorainneacha atá i bhfeidhm maidir leis an mbóthar nó leis an gcineál feithicle lena mbaineann) agus tiomáint faoi thionchar drugaí ar na príomhchúiseanna le himbhualtí tráchta agus le básanna ar bhóithre laistigh den Aontas, ba cheart an dícheall is airde is féidir a thabhairt do chásanna a bhaineann leis na cionta sin, agus ba cheart a mheas, dá bhrí sin, gur 'mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre' iad chun críocha na Treorach seo. Thairis sin, mar gheall ar a thromchúisí atá cionta tráchta ar bhóithre a mbíonn bás nó gortú tromchúiseach coirp an íospartaigh mar thoradh orthu, ba cheart iad sin a mheas freisin mar mhórchionta.
- (11) Dícháiliúcháin tiomána a fhorchuireann Ballstát i ndáil le duine nach gnáthchónaitheoir é de réir bhrí Airteagal 17 [TREOIR NUA MAIDIR LE CEADÚNAIS TIOMÁNA], agus ag a bhfuil ceadúnas tiomána a d'eisigh Ballstát eile, ba cheart éifeachtaí a bheith ag na dícháiliúcháin sin ar fud chríoch iomlán an Aontais, i dtéarmaí atá cosúil leis na héifeachtaí atá ag dícháiliúcháin tiomána a fhorchuirtear maidir le daoine ag a bhfuil ceadúnais tiomána a d'eisigh Ballstát eile. Chomh maith leis sin, i bhfianaise phrionsabal an neamhspleáchais nós imeachta, ba cheart an tsaoirse a bheith ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr chun an toradh sin a bhaint amach i gcomhréir lena ndlí náisiúnta. Ba cheart a chur san áireamh, áfach, i gcás ina bhforchuireann Ballstát dícháiliúcháin tiomána ar dhuine ar a bhfuil gnáthchónaí sa Bhallstát sin, ach a bhfuil ceadúnas tiomána aige nó aici a d'eisigh Ballstát eile, go bhfuil an Ballstát gnáthchónaithe i dteideal an ceadúnas a mhalartú chun an dícháiliúcháin tiomána sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de [TREOIR NUA MAIDIR LE CEADÚNAIS TIOMÁNA].
- (12) An Ballstát a d'fhorchuir an dícháiliúcháin tiomána ('Ballstát an chionta'), ba cheart dó fógra a thabhairt don Bhallstát a d'eisigh ceadúnas tiomána an duine lena mbaineann ('an Ballstát eisiúna') faoi aon dícháiliúcháin tiomána arna fhorchur ar an duine sin ar feadh tréimhse míosa amháin nó níos mó, chun na nósanna imeachta is gá a thionscnamh chun éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána a áirithiú. Ba cheart an fógra sin a tharchur trí bhíthin deimhniú caighdeánach, chun malartú faisnéise rianúil, iontaofa agus éifeachtach a áirithiú idir na Ballstáit.
- (13) Ba cheart tacar íosta sonraí a bheith sa deimhniú caighdeánach lenar féidir an Treoir seo a chur chun feidhme go cuí, go háirithe údarás Bhallstát an chionta a bhfuil an dícháiliúcháin tiomána á fhorchur aige, an mórchion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a rinneadh, an dícháiliúcháin tiomána a tháinig as sin, an duine lena mbaineann, agus na nósanna imeachta a leanadh chun an dícháiliúcháin tiomána a fhorchur. Ba cheart an deimhniú sin a aistriú freisin go teanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit eisiúna nó go teanga ar bith eile ar ghlac an Ballstát eisiúna léi, chun a áirithiú go ndéanfaidh an seolaí próiseáil ghasta. Trí fhoráil a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sin amháin, leis an deimhniú caighdeánach is féidir éifeachtacht a ráthú gan

oibleagáid a chur ar na Ballstáit méideanna faisnéise a roinnt atá díreireach nó iomarcach.

- (14) Agus dícháiliúcháin tiomána á bhforchur mar thoradh ar iompraíocht neamhdhleathach, rannchuidítear le hardleibhéal sábháilteachta ar bhóithre a ráthú laistigh den Aontas. Ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh maidir le ceadúnais tiomána a eisítear sna Ballstáit, bearta a bhaineann le ceadúnas tiomána a d'eisigh an Ballstát eisiúna a tharraingt siar, a chur ar ceal, a chur ar fionraí nó a shrianadh, aithníonn gach Ballstát eile go huathoibríoch iad. Dá réir sin, ba cheart a cheangal ar an mBallstát eisiúna a áirithiú go dtugtar aitheantas i ngach Ballstát do dhícháiliúcháin tiomána a ghlactar i mBallstáit eile. Dá bhrí sin, ar fhógra a thabhairt maidir leis an dícháiliúchán tiomána arna fhorchur, agus mura bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine nó mura ndéantar é a agairt, ba cheart don Bhallstát eisiúna na bearta iomchuí a dhéanamh chun éifeacht an dícháiliúcháin tiomána a leathnú chuig an Aontas.
- (15) Ba cheart an beart a dhéanann an Ballstát eisiúna a bheith éagsúil ag brath ar chineál sonrach an dícháiliúcháin tiomána. Ós rud é gur gá go mbeadh iarmhairtí difriúla ag baint le ceadúnas tiomána nó ceart tiomána a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a shrianadh, ceanglaítear leo go dtabharfar éifeacht do nósanna imeachta éagsúla i gcomhréir le hinniúlachtaí na mBallstát lena mbaineann. Go sonrach, a mhéid a bhaineann le tarraingt siar go háirithe, ba cheart don duine lena mbaineann a bheith in ann an ceadúnas tiomána nó an ceart tiomána a aisghabháil i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le himthosca comhchosúla sa Bhallstát eisiúna. A mhéid a bhaineann le cur ar fionraí nó srianadh, ba cheart a áirithiú nach dtabharfar éifeacht uile-Aontais ach d'fhad na mbeart sin, fiú i gcás ina ndéantar foráil maidir le coinníollacha breise leis an dícháiliúchán tiomána, toisc gurb é príomhchuspóir na mbeart sin cosc sealadach nó páirteach a chur ar an duine lena mbaineann tiomáint agus gan a chinneadh conas ba cheart don duine sin a cheart tiomána nó a ceart tiomána a aisghabháil sa Bhallstát eisiúna.
- (16) I bprionsabal, níor cheart teorainn a bheith le deis na mBallstát dícháiliúcháin tiomána a chur i bhfeidhm laistigh dá gcríoch mar gheall ar an Treoir seo. Dá réir sin, ba cheart do Bhallstát an chiona a bheith in ann leanúint de dhícháiliúcháin tiomána agus aon choinníollacha a leagtar síos fúthu a chur i bhfeidhm go dtí go gcomhlíonfaidh an duine lena mbaineann iad, i gcomhréir lena rialacha náisiúnta agus le héifeachtaí atá teoranta dá chríoch.
- (17) Mar sin féin, tá sé tábhachtach a chur san áireamh freisin gur inniúlacht de chuid an Bhallstáit eisiúna é meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos faoi dhlí an Aontais maidir le ceadúnas tiomána a fháil. Agus coinníollacha breise á gcur i bhfeidhm sa Bhallstát eisiúna, níor cheart dúbláil a dhéanamh ar na ceanglais nach mór do dhuine lena mbaineann a chomhlíonadh chun a chruthú nach mbeidh baol ann don tsábháilteacht ar bhóithre san Aontas má fhaigheann an duine sin ceadúnas tiomána nó an ceart tiomána ar ais. I bhfianaise an mhéid sin, i gcás ina bhfuil bearta glactha ag an mBallstát eisiúna chun éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána a áirithiú agus, ina dhiaidh sin, go ndearna sé athmheasúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil an duine lena mbaineann oiriúnach chun ceadúnas tiomána nó an ceart tiomána a aisghabháil, ba cheart an measúnú sin a aithint ar fud an Aontais agus, dá bhrí sin, i mBallstát an chiona freisin.

- (18) Le cur i bhfeidhm na mbeart ag an mBallstát eisiúna, ba cheart a áirithiú go bhfuil éifeacht uile-Aontais ag dícháiliúcháin tiomána agus níor cheart a cheangal go ndéanfar measúnú nua ar na fíricí ba chúis leis an dícháiliúcháin. Mar sin féin, chun a ráthú nach bhfuil an éifeacht uile-Aontais contrártha do phrionsabal na comhréireachta, do chearta bunúsacha ná d'éisceachtaí dá bhforáiltear i ndlí an Bhallstáit eisiúna, tá sé iomchuí forais áirithe a leagan síos lena ndíolmhaítear an Ballstát eisiúna ón oibleagáid maidir le bearta a ghlacadh.
- (19) Ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre agus chun deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt don duine lena mbaineann agus do Bhallstát an chiona, ba cheart don Bhallstát eisiúna éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána a áirithiú nó foras le haghaidh díolúine a chur i bhfeidhm laistigh den tréimhse ama is giorra is féidir, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis dó fógra a fháil faoin dícháiliúcháin. Ba cheart an méid sin a bheith gan dochar do chásanna ina gcuireann imthosca eisceachtúla cosc ar chomhlíonadh na teorann ama sin. Fiú i gcásanna eisceachtúla den sórt sin, áfach, ba cheart don Bhallstát eisiúna beart a dhéanamh gan moill mhíchuí, agus Ballstát an chiona a chur ar an eolas maidir le tréimhse agus cúis na moille.
- (20) Maidir le cur chun feidhme cuí na Treorach seo, glactar leis go mbeidh dlúthchumarsáid ghasta éifeachtach idir na húdaráis náisiúnta inniúla lena mbaineann. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát dul i gcomhairle le chéile nuair is gá, trí mhodhanna iomchuí. Thairis sin, i gcásanna sonracha dea-shainithe, ba cheart don Bhallstát eisiúna agus do Bhallstát an chiona araon faisnéis thábhachtach a thabhairt dá chéile maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo gan mhoill. Ba cheart é a bheith amhlaidh i gcás bearta a ghlacadh lena dtabharfaí éifeacht uile-Aontais do dhícháiliúcháin tiomána, cinntí a rinneadh ar fhorais le haghaidh díolúine, cur i gcrích na ndícháiliúcháin tiomána agus maidir le haon dálaí lena ndéantar difear do na dícháiliúcháin tiomána a forchuireadh ar dtús.
- (21) Tar éis don Bhallstát eisiúna fógra a fháil faoi dhícháiliúcháin tiomána agus éifeachtaí uile-Aontais a thabhairt dó, ba cheart don Bhallstát sin an duine lena mbaineann a chur ar an eolas gan mhoill, ionas go mbeidh sé nó sí in ann cearta bunúsacha a fheidhmiú amhail an ceart éisteachta agus agóid a dhéanamh in aghaidh na gcinntí os comhair na gcúirteanna agus na mbinsí inniúla náisiúnta.
- (22) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil leigheasanna dlí leormhaithe i bhfeidhm in aghaidh bearta a dhéanfar de bhun na Treorach seo, ar leigheasanna iad atá coibhéiseach leis na leigheasanna a bhíonn ar fáil i gcásanna intíre comhchosúla, agus go soláthraítear faisnéis maidir leis na leigheasanna sin nuair a thiocfaidh na leigheasanna sin chun bheith infheidhme, agus in am trátha chun a áirithiú gur féidir iad a fheidhmiú go héifeachtach. Ba cheart a shoiléiriú, áfach, nach féidir agóid a dhéanamh in aghaidh an dícháiliúcháin tiomána a fhógraítear i gcomhréir le hAirteagal 4(1) ach amháin i gcaingean arna tabhairt i mBallstát an chiona.
- (23) Ceart bunúsach is ea cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil a sonraí pearsanta. I gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh⁶ agus le hAirteagal 16(1) den Chonradh, tá ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis a chosaint. Ba cheart feidhm a bheith ag reachtaíocht

⁶ IO C 202, 7.6.2016, lch. 391.

ábhartha an Aontais, is é sin Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷ agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs na Treorach seo i gcomhréir lena raon feidhme faoi seach.

- (24) Leis an Treoir seo, bunaítear an bunús dlí le sonraí pearsanta a mhalartú chun éifeacht a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána a fhorchuireann Ballstát, seachas an Ballstát eisiúna. Tá an bunús dlí sin i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(c) agus, i gcás inarb infheidhme, le hAirteagal 10 de Rialachán 2016/679, agus le hAirteagal 8 de Threoir 2016/680. Na sonraí pearsanta atá le malartú leis an mBallstát eisiúna, ba cheart iad a bheith teoranta don mhéid is gá chun na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo a chomhlíonadh.
- (25) Chun malartú faisnéise rianúil, iontaofa agus éifeachtach a áirithiú, ba cheart do gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta a ainmniú chun críocha na Treorach seo. Ina theannta sin, ba cheart dóibh a áirithiú go n-oibríonn a bpointí teagmhála náisiúnta féin i gcomhar leis na húdaráis ábhartha a bhfuil baint acu le forfheidhmiú na ndícháiliúcháin tiomána a chumhdaítear leis an Treoir seo, go háirithe chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis uile is gá a chomhroinnt in am trátha.
- (26) Ba cheart do na Ballstáit staidreamh cuimsitheach a bhailiú go tráthrialta maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo, agus é a sheoladh chuig an gCoimisiún gach bliain. Ar bhonn na faisnéise sin agus faisnéis eile, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar thionchar chur chun feidhme na Treorach seo ar shábháilteacht ar bhóithre agus tuarascáil ar thorthaí na meastóireachta sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach cúig bliana, mar aon le tograí reachtacha, i gcás inarb iomchuí, chun í a leasú.
- (27) Leis an Treoir seo, níor cheart difear a dhéanamh do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as reachtaíocht eile is infheidhme de chuid an Aontais, go háirithe Cinneadh Réime 2008/947/CGB ón gComhairle⁹ agus Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle¹⁰, nó cearta daoine atá faoi drochamhras agus daoine atá cúisithe dá bhforáiltear i dTreoir 2010/64/AE¹¹, Treoir 2012/13/AE¹², Treoir

⁷ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁸ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

⁹ Cinneadh Réime 2008/947/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm maidir le breithiúnais agus cinntí promhaidh d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar bhearta promhaidh agus ar smachtbhannaí malartacha (IO L 337, 16.12.2008, lch. 102).

¹⁰ Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar phionóis airgeadais (IO L 76, 22.3.2005, lch. 16).

¹¹ Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).

¹² Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).

2013/48/AE¹³, Treoir (AE) 2016/343¹⁴, Treoir (AE) 2016/800¹⁵ agus Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶.

- (28) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha nó ilthaobhacha a thabhairt i gcrích le Ballstáit eile, chun an córas a bhunaítear leis an Treoir seo a fhorlíonadh agus a éascú. Mar sin féin, níor cheart dóibh é sin a dhéanamh ach amháin a mhéid a cheadaítear le comhaontuithe nó socruithe den sórt sin forálacha na Treorach seo a leathnú nó a mhéadú agus a mhéid a chuidítear leis na nósanna imeachta maidir le héifeacht uile-Aontais a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána a shimpliú nó a éascú a thuilleadh, agus dá bhrí sin a mhéid a éascaítear leibhéal níos airde sábháilteachta ar bhóithre leo.
- (29) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun formáid agus ábhar an deimhnithe chaighdeánaigh a bhunú chun dícháiliúchán tiomána a chur in iúl. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷.
- (30) Maidir le cuspóirí na Treorach seo, is é sin éifeacht uile-Aontais na gcinntí lena bhforchuirtear dícháiliúcháin tiomána a eascraíonn as mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a áirithiú, cinntí arb é is aidhm dóibh leibhéal na sábháilteachta ar bhóithre ar fud an Aontais a fheabhsú, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit iad a bhaint amach go leordhóthanach, ach gur féidir, mar gheall ar fhairsinge agus éifeachtaí na Treorach seo, iad a bhaint amach ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach¹⁸. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

¹³ Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart chun dlíodóir a rochtain in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).

¹⁴ Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

¹⁵ Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi drochamhras nó do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).

¹⁶ Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnaimh dlí do dhaoine dhaoine atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí faoi réir barántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).

¹⁷ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún, IO L 55, 28.2.2011, lch. 13

¹⁸ IO C 202, 7.6.2016, lch. 13.

- (31) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹ agus thug sé a thuairim uaidh an [LL/MM/BBBB],

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuspóir agus ábhar

Tá sé d'aidhm ag an Treoir seo ardleibhéal cosanta a áirithiú do gach úsáideoir bóithre san Aontas. Chun na críche sin, leagtar síos léi rialacha lena ndéantar foráil maidir le héifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin tiomána i gcás mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre arna ndéanamh i mBallstát seachas an Ballstát a d'eisigh ceadúnas tiomána an duine lena mbaineann.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘dícháiliúchán tiomána’ aon chinneadh a bhaineann le mórchion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, as a n-eascraíonn tarraingt siar, srianadh nó cur ar fionraí an cheadúnais tiomána nó an chirt tiomána atá ag tiománaí feithicle cumhacht-tiomáinte, nach bhfuil faoi réir ceart achomhairc a thuilleadh, gan beann ar cibé acu atá ann pionós príomha, tánaisteach nó forlíontach nó beart sábháilteachta agus gan beann ar cibé acu a cháilítear é mar bheart riaracháin nó mar bheart coiriúil;
- (2) ciallaíonn ‘tarraingt siar’ cúlghairm an cheadúnais tiomána nó an chirt tiomána nó a n-aitheantais;
- (3) ciallaíonn ‘cur ar fionraí’ an teorainn shealadach a chur le bailíocht an cheadúnais tiomána nó ar bhailíocht an chirt tiomána nó a n-aitheantais, ar feadh tréimhse shocraithe ama, nó ar theaghlaim de thréimhse shocraithe ama agus comhlíonadh coinníollacha breise araon;
- (4) ciallaíonn ‘srianadh’ an teorainn pháirteach a chur le bailíocht an cheadúnais tiomána nó ar bhailíocht an chirt tiomána nó a n-aitheantais, ar feadh tréimhse shocraithe ama, nó faoi réir comhlíonadh coinníollacha breise, nó de bhun teaghlaim den dá rud;

¹⁹ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39

- (5) ciallaíonn ‘coinníollacha breise’ coinníollacha eile seachas tréimhse shocraithe ama a bheith caite ar tréimhse ama í nach mór do dhuine a bhaineann le dícháiliúchán tiomána a chomhlíonadh chun a c(h)eart tiománanó a c(h)eadúnas tiomána a aisghabháil;
- (6) ciallaíonn ‘Ballstát an chiona’ an Ballstát inar tugadh an dícháiliúchán tiomána;
- (7) ciallaíonn ‘an Ballstát eisiúna’ an Ballstát a d’eisigh ceadúnas tiomána an duine lena mbaineann, agus a ndéantar dícháiliúchán tiomána a tharchur chuige i gcomhréir le forálacha na Treorach seo;
- (8) ciallaíonn ‘feithicil chumhacht-thiomáinte’ feithicil chumhacht-thiomáinte mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4) de [TREOIR NUA MAIDIR LE CEADÚNAIS TIOMÁNA];
- (9) ciallaíonn ‘ceadúnas tiomána’ ceadúnas tiomána mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) de [TREOIR NUA MAIDIR LE CEADÚNAIS TIOMÁNA];
- (10) ciallaíonn ‘an duine lena mbaineann’ an duine nádúrtha a n-eisítear dícháiliúchán tiomána ina aghaidh;
- (11) ciallaíonn ‘mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre’:
 - (a) tiomáint faoi thionchar an óil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (g) de Threoir (AE) 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰;
 - (b) tiomáint ar róluas mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (d), de Threoir (AE) 2015/413;
 - (c) tiomáint faoi thionchar drugaí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (h), de Threoir (AE) 2015/413;
 - (d) iompar a sháraíonn rialacháin um thrácht ar bhóithre, agus ba chúis le bás nó le gortú tromchúiseach coirp;
- (12) ciallaíonn ‘gnáthchónaí’ gnáthchónaí i gcomhréir le hAirteagal 17 de [TREOIR NUA MAIDIR LE CEADÚNAIS TIOMÁNA].

Airteagal 3

Éifeacht uile-Aontais dícháiliúchán tiomána

Dícháiliúchán tiomána a d’eisigh Ballstát i ndáil le duine nach bhfuil gnáthchónaí air sa Bhallstát sin agus ag a bhfuil ceadúnas tiomána arna eisiúint ag Ballstát eile, déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbeidh éifeacht ag an dícháiliúchán sin ar fud chríoch iomlán an Aontais i gcomhréir leis an Treoir seo.

²⁰ Treoir (AE) Uimh. 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 68, 13.3.2015, lch. 9).

Airteagal 4

Dualgas maidir le fógra a thabhairt faoi dhícháiliúchán tiomána

1. Tabharfaidh Ballstát an chiona fógra don Bhallstát eisiúna faoi aon dícháiliúchán tiomána a fhorchuirtear ar feadh tréimhse míosa amháin nó níos mó ar dhuine nach bhfuil gnáthchónaí air i mBallstát an chiona agus ag a bhfuil ceadúnas tiomána a d'eisigh an Ballstát eisiúna.
2. Tabharfar an fógra dá dtagraítear i mír 1 trí bhíthin deimhniú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 5 agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 3.
3. Déanfaidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona an deimhniú a líonadh isteach, a shíniú agus a tharchur go díreach chuig pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna, a chuirfidh ar aghaidh é chuig an údarás atá inniúil chun éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána a áirithiú. Ceadúnas tiomána an duine lena mbaineann, nuair a urghabhtar é, agus an cinneadh bunaidh lena bhforchuirtear an dícháiliúchán tiomána nó cóip dheimhnithe de, déanfaidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona iad a chur ar aghaidh freisin chuig pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna. Ní bheidh aon oibleagáid ar Bhallstát an chiona an cinneadh bunaidh nó an chóip dheimhnithe de a aistriú.

Airteagal 5

Deimhniú caighdeánach agus modhanna tarchuir

1. Roimh [an dáta trasuí a leagtar amach in Airteagal 19], trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún formáid agus ábhar an deimhnithe chaighdeánaigh chun fógra a thabhairt faoi dhícháiliúchán tiomána. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).
2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa deimhniú:
 - (a) faisnéis maidir leis an údarás a d'fhorchuir an dícháiliúchán tiomána i mBallstát an chiona;
 - (b) an tuairisc ar an mórchion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus na fíricí is cúis leis an dícháiliúchán tiomána a fhorchur;
 - (c) ainm agus seoladh an duine lena mbaineann, agus uimhir an cheadúnais tiomána, agus uimhir dhoiciméid céannachta náisiúnta an duine lena mbaineann, más gá, i gcás ina bhfuil sí ar fáil;
 - (d) forálacha dlí is infheidhme Bhallstát an chiona;
 - (e) na nósanna imeachta a leanadh agus raon feidhme agus ábhar beacht an dícháiliúcháin tiomána, lena n-áirítear, más infheidhme, an dáta a thagann

deireadh le héifeacht na fionraí nó an tsriain, agus aon choinníollacha breise arna leagan síos ag Ballstát an chiona;

- (f) tréimhse an dícháiliúcháin tiomána (i laethanta) a d'fhorchuir Ballstát an chiona, a caitheadh cheana féin sa Bhallstát sin, i gcás inarb infheidhme.
- 3. Cuirfidh Ballstát an chiona aistriúchán ar an deimhniú ar fáil don Bhallstát eisiúna agus beidh an t-aistriúchán i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit eisiúna nó i dteanga ar bith eile ar ghlac an Ballstát eisiúna léi i gcomhréir le mír 4.
- 4. Féadfaidh aon Bhallstát, ag am ar bith, a shonrú i ndearbhú a dtugtar fógra don Choimisiún ina leith, go nglacfaidh sé le haistriúchán ar dhearbhuithe i dteanga oifigiúil amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Aontais seachas teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit sin. Féadfar dearbhú den sórt sin a tharraingt siar tráth ar bith. Cuirfidh an Coimisiún na dearbhuithe agus aon tarraingt siar díobh ar fáil do na Ballstáit uile.
- 5. Déanfaidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona an deimhniú a tharchur chuig pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna trí líonra an Aontais um cheadúnais tiomána dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de [TREOIR NUA MAIDIR LE CEADÚNAIS TIOMÁNA] ('RESPER').

Airteagal 6

Éifeacht uile-Aontais na ndícháiliúchán tiomána a áirithiú

- 1. Ar fhógra a fháil faoi dhícháiliúchán tiomána i gcomhréir le hAirteagal 4(1) agus mura bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine a leagtar síos in Airteagal 8, déanfaidh an Ballstát eisiúna na bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh éifeacht uile-Aontais ag an dícháiliúchán tiomána.
- 2. I gcás ina bhfuil tarraingt siar i gceist leis an dícháiliúchán tiomána, comhlíonfar na coinníollacha seo a leanas leis na bearta a dhéanann an Ballstát eisiúna:
 - (a) déanfaidh an Ballstát eisiúna ceadúnas tiomána nó ceart tiomána an duine lena mbaineann a tharraingt siar;
 - (b) féadfaidh an duine lena mbaineann an ceadúnas tiomána nó an ceart tiomána a aisghabháil i gcomhréir le rialacha náisiúnta an Bhallstáit eisiúna;
 - (c) cuirfidh an Ballstát eisiúna san áireamh, a mhéid is féidir, aon chuid de na coinníollacha breise a chomhlíonfaidh an duine lena mbaineann chun an ceart tiomána a aisghabháil, ar coinníollacha iad atá comhlíonta cheana féin i mBallstát an chiona.
- 3. I gcás ina bhfuil fionraí nó srianadh i gceist leis an dícháiliúchán tiomána, comhlíonfar na coinníollacha seo a leanas leis na bearta a dhéanann an Ballstát eisiúna:
 - (a) cuirfidh an Ballstát eisiúna ceadúnas tiomána nó ceart tiomána an duine lena mbaineann ar fionraí nó déanfaidh sé iad a shrianadh go dtí an dáta ina stadann

an fhionraí nó an srianadh d'éifeacht a bheith acu, ar fionraí agus srianadh iad a d'fhorchuir an Ballstát eisiúna agus ar thug sé fógra ina leith;

- (b) an fhionraí nó an srianadh a d'fhorchuir Ballstát an chiona agus ar thug sé fógra ina leith, i gcás ina mbeidh siad faoi réir tréimhse shocraithe ama a bheith caite agus coinníollacha breise a chomhlíonadh, ní chuirfidh an Ballstát eisiúna san áireamh ach an tréimhse shocraithe ama;
 - (c) i gcás ina bhforchuireann Ballstát an chiona srianadh agus ina dtabharfaidh sé fógra ina leith, cuirfear san áireamh é a mhéid atá sé comhoiriúnach le dlí an Bhallstáit eisiúna ó thaobh a chineáil nó a fhaid de.
4. Gan dochar don fhoras le haghaidh díolúine a leagtar síos in Airteagal 8(1), pointe (a), agus bearta á nglacadh faoin Airteagal seo, beidh an Ballstát eisiúna faoi cheangal ag an bhfaisnéis agus na fíorais a chuireann Ballstát an chiona ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 5, agus beidh sé ag brath ar an bhfaisnéis agus ar na fíorais sin.

Airteagal 7

Éifeachtaí dícháiliúchán tiomána i mBallstát an chiona

1. Leis an Treoir seo, ní chuirfear cosc ar Bhallstát an chiona an dícháiliúchán tiomána a fhorghníomhú laistigh dá chríoch agus i gcomhréir lena rialacha náisiúnta.
2. I gcás ina dtugtar fógra don Bhallstát eisiúna faoi dhícháiliúchán tiomána ag a bhfuil coinníollacha breise i gcomhréir le hAirteagal 4(1), féadfaidh Ballstát an chiona leanúint den dícháiliúchán tiomána sin a chur i bhfeidhm laistigh dá chríoch go dtí go gcomhlíonfaidh an duine lena mbaineann na coinníollacha sin.
3. Mar sin féin, coinníollacha breise a ghabhann le dícháiliúchán tiomána a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4(1), measfar iad a bheith comhlíonta ag Ballstát an chiona i gcás inar mheas an Ballstát eisiúna go gcomhlíonann an duine lena mbaineann na coinníollacha is infheidhme sa Bhallstát eisiúna maidir leis an gceart tiomána nó an ceadúnas tiomána a aisghabháil nó ina bhfuil sé nó sí in ann iarratas a dhéanamh ar cheann nua.

Airteagal 8

Forais le haghaidh díolúine

1. Ní dhéanfaidh an Ballstát eisiúna na bearta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) sna cásanna seo a leanas:
 - (a) tá an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 5 neamhiomlán nó tá sé mícheart go follasach agus níor cuireadh an fhaisnéis cheart ar fáil i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo;
 - (b) rinneadh an dícháiliúchán tiomána a fhorghníomhú go iomlán cheana féin i mBallstát an chiona;

- (c) tá an dícháiliúchán tiomána faoi urchosc reachta i gcomhréir le dlí an Bhallstáit eisiúna;
- (d) is ann do phribhléid nó imdhíonacht faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna lena gcuirtear cosc ar an dícháiliúchán tiomána a fhorghníomhú;
- (e) tráth glactha na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 6(3), is lú ná mí amháin an tréimhse atá fágtha den fhionraí nó den srianadh atá le comhlíonadh de bhun an dícháiliúcháin tiomána;
- (f) tharla imeachtaí breithiúnacha agus, de réir an deimhnithe, ní raibh an duine lena mbaineann i láthair ag an triail a raibh glacadh an dícháiliúcháin tiomána mar thoradh uirthi, mura luaitear ar an deimhniú, i gcomhréir le ceanglais nós imeachta bhreise a shainítear i ndlí Bhallstát an chiona, gur tharla ceachtar de na himthosca seo a leanas:
 - (i) fuair an duine lena mbaineann toghairm go pearsanta in am trátha agus gur cuireadh in iúl dó nó di, dá bhíthin sin, an dáta sceidealta agus láthair na trialach as ar eascair an dícháiliúcháin tiomána, nó go bhfuair an duine faisnéis oifigiúil maidir le dáta sceidealta agus láthair na trialach ar bhealach eile ionas gur cruthaíodh go raibh sé nó sí ar an eolas faoin triail sceidealta, agus gur cuireadh in iúl don duine sin in am trátha go bhféadfaí dícháiliúchán tiomána den chineál sin a thabhairt mura mbeadh an duine sin i láthair don triail;
 - (ii) agus an duine lena mbaineann feasach ar an triail sceidealta, thug sé nó sí sainordú do dhlíodóir, a cheap an duine lena mbaineann nó an Stát chun é nó í a chosaint ag an triail, agus rinne an dlíodóir sin an duine a chosaint ag an triail go hiarbhír; nó
 - (iii) tar éis don duine an dícháiliúchán tiomána a fháil agus ar a chur in iúl go sainráite don duine lena mbaineann go raibh sé de cheart aige atriail a iarraidh nó achomharc a dhéanamh, atriail nó achomharc ina mbeadh cead ag an duine lena mbaineann a bheith páirteach, agus lena gceadófaí tuillteanais an cháis, scrúdú ar fhianaise nua san áireamh, a athscrúdú, agus a bhféadfaí an dícháiliúchán tiomána bunaidh a fhreascúir dá barr nó dá bharr, dúirt an duine go sainráite nach raibh sé nó sí ag cur in aghaidh an dícháiliúcháin tiomána, nó nár iarr sé nó sí atriail nó achomharc laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme;
- (g) i gcásanna eisceachtúla, tá forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint, ar bhonn fianaise shonrach agus oibiachtúil, go mbeadh sárú ar cheart bunúsach mar a leagtar amach sa Chairt i gceist le forghníomhú an dícháiliúcháin tiomána, in imthosca áirithe an cháis.

2. Féadfaidh an Ballstát eisiúna a chinneadh na forais le haghaidh díolúine seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- (a) baineann an dícháiliúchán tiomána le mórchion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, nach gcuirfí dícháiliúchán tiomána i bhfeidhm, ar bhonn na faisnéise a dtugtar fógra ina leith faoi Airteagal 4(1), mar gheall air faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna;

- (b) níor forchuireadh an dícháiliúchán tiomána ach amháin ar fhorais róluais agus sáraíodh na luasteorainneacha a bhí i bhfeidhm i mBallstát an chiona le níos lú ná 50 km/h;
 - (c) faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna, ní féidir an duine lena mbaineann a chur faoi dhliteanas, mar gheall ar a aois nó a haois, i leith an mhórchiona tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre ar eisíodh an dícháiliúchán tiomána ina leith.
3. Nuair atá sé beartaithe ag an mBallstát eisiúna foras le haghaidh díolúine de bhun mhíreanna 1 nó 2 a chur i bhfeidhm maidir le cás sonrach, cuirfidh sé Ballstát an chiona ar an eolas gan mhoill agus, i gcás inarb infheidhme, iarrfaidh sé aon fhaisnéis is gá chun scrúdú a dhéanamh ar cé acu atá feidhm ag foras le haghaidh díolúine dá dtagraítear inti nó nach bhfuil. Cuirfidh Ballstát an chiona an fhaisnéis a iarrtar ar fáil gan mhoill agus féadfaidh sé aon fhaisnéis bhreise nó barúil bhreise a mheasann sé a bheith ábhartha a chur ar fáil.

Ní áireofar san fhaisnéis a sholáthrófar faoin mír seo sonraí pearsanta seachas na sonraí sin a bhfuil géarghá leo chun míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm agus úsáidfear í chun na míreanna sin a chur i bhfeidhm agus chun na críche sin amháin.

Airteagal 9

Teorainneacha ama

1. Déanfaidh an Ballstát eisiúna na bearta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) nó glacfaidh sé an cinneadh go bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine de bhun Airteagal 8 gan mhoill agus, gan dochar do mhír 3, tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis dó an deimhniú a fháil i gcomhréir le hAirteagal 5(1).
2. Na bearta arna ndéanamh faoi Airteagal 6(1) nó an cinneadh go bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine de bhun Airteagal 8, cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna na nithe sin in iúl do phointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona, gan mhoill, trí RESPER.
3. I gcás nach féidir an teorainn ama a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh, i gcás ar leith, cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona ar an eolas faoin gcion gan mhoill trí mhodh ar bith, agus tabharfaidh sé na cúiseanna nárbh fhéidir an teorainn ama sin a chomhlíonadh.

Má théann an teorainn ama a leagtar síos in mír 1 in éag, beidh an oibleagáid fós ar an mBallstát eisiúna na bearta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) a dhéanamh gan mhoill.

Airteagal 10

Comhairliúcháin idir na Ballstáit

I gcás inar gá, rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le chéile, trí mhodhanna iomchuí agus gan mhoill, chun cur i bhfeidhm éifeachtach na Treorach seo a áirithiú.

Airteagal 11

Faisnéis atá le tabhairt don Bhallstát eisiúna

Cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona ar an eolas, gan mhoill, maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) nuair a fhaightear fógra faoin dícháiliúchán tiomána, i gcomhréir le hAirteagal 4(1);
- (b) na bearta a dhéantar faoi Airteagal 6, a luaithé a bheidh siad ceangailteach ó thaobh dlí;
- (c) aon chinneadh go bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine de bhun Airteagal 8 mar aon leis na cúiseannaleis an gcinneadh;
- (d) aon bheart lena gcuirtear ar fionraí nó lena bhfoirceannantar éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána agus na bunchúiseanna leis, lena n-airítear mar gheall ar agóid rathúil a rinne an duine lena mbaineann.

Airteagal 12

Faisnéis atá le tabhairt ag Ballstát an chiona

Cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna ar an eolas, gan mhoill, maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) aon imthoisc lena ndéantar difear don chinneadh lena forchuireadh an dícháiliúchán tiomána;
- (b) forghníomhú an dícháiliúcháin tiomána i mBallstát an chiona.

Airteagal 13

An oibleagáid maidir leis an duine lena mbaineann a chur ar an eolas

1. Tar éis an fógra faoi Airteagal 4(1) a fháil agus na bearta faoi Airteagal 6(1) a ghlacadh, faoi seach, cuirfidh an Ballstát eisiúna an duine lena mbaineann ar an eolas gan mhoill, i gcomhréir le nósanna imeachta faoina dhlí náisiúnta.
2. Sonrófar an méid seo a leanas ar a laghad san fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le mír 1:
 - (a) nuair a thugtar an fhaisnéis tar éis an fógra faoi Airteagal 4(1) a fháil:

- (i) ainm na n-údarás atá inniúil maidir le forfheidhmiú an dícháiliúcháin tiomána ón mBallstát eisiúna agus ó Bhallstát an chiona; agus
 - (ii) leigheasanna dlí atá ar fáil faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna, lena n-airítear an ceart éisteachta;
- (b) nuair a thugtar an fhaisnéis tar éis na bearta a rinneadh faoi Airteagal 6(1) a ghlacadh:
- (i) sonraí na mbeart a rinne Ballstát an chiona;
 - (ii) leigheasanna dlí atá ar fáil faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna chun agóid a dhéanamh in aghaidh na mbeart a rinneadh.

Airteagal 14

Leigheasanna dlí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh leigheasanna dlí leordhóthanacha ar fáil in aghaidh cinntí nó bearta a dhéantar de bhun na Treorach seo, ar leigheasanna iad atá coibhéiseach leis na leigheasanna atá ar fáil i gcásanna intíre comhchosúla. Déanfaidh siad bearta iomchuí chun a áirithiú go soláthrófar faisnéis maidir leis na leigheasanna sin in am trátha chun a áirithiú gur féidir iad a fheidhmiú go héifeachtach.
2. Ní fhéadfar agóid a dhéanamh in aghaidh dícháiliúcháin tiomána a fhógraítear faoi Airteagal 4(1) ach amháin i gcaingean a thionscnaítear i mBallstát an chiona.
3. Cuirfidh Ballstát an chiona agus an Ballstát eisiúna a chéile ar an eolas maidir leis na leigheasanna dlí a atá á lorg in aghaidh cinntí nó bearta a dhéantar de bhun na Treorach seo.

Airteagal 15

Pointí teagmhála náisiúnta

1. Faoin [dáta thrasú na Treorach seo], ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta chun críocha na Treorach seo.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreoidh a bpointí teagmhála náisiúnta i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta inniúla maidir le forfheidhmiú dícháiliúcháin tiomána arna bhforchur le haghaidh mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, go háirithe chun a áirithiú go gcomhroinnfear an fhaisnéis uile is gá in am trátha, agus go gcomhlíonfar na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 9.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na pointí teagmhála náisiúnta a ainmnítear chun críocha na Treorach seo. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fhaightear faoin Airteagal seo ar fáil do na Ballstáit go léir ar a shuíomh gréasáin.

Airteagal 16

Staidreamh

Baileoidh na Ballstáit staidreamh cuimsitheach maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo go tráthrialta agus seolfaidh siad é chuig an gCoimisiún gach bliain. Beidh na nithe seo a leanas san áireamh sa staidreamh sin:

- (a) líon na bhfógraí arna ndéanamh faoi Airteagal 4(1), scartha de réir an Bhallstáit a ndírítear air;
- (b) an líon uaireanta a agraíodh foras le haghaidh díolúine, lena n-áirítear na forais le haghaidh díolúine a cuireadh i bhfeidhm, agus iad scartha de réir an Bhallstáit a thug an fógra;
- (c) an t-am is gá chun faisnéis maidir le cinneadh ar fhoras le haghaidh díolúine a tharchur;
- (d) líon na leigheasanna dlí a taisceadh in aghaidh bearta a rinneadh faoi Airteagal 6(1).

Airteagal 17

Nós imeachta coiste

- 1. An coiste um cheadúnais tiomána a bunaíodh le hAirteagal 22 de [TREOIR NUA MAIDIR LE CEADÚNAIS TIOMÁNA], tabharfaidh sé cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
- 2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fómhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 18

Gaol le gníomhartha dlí eile

- 1. Ní dhéanfar difear leis an Treoir do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as na gníomhartha dlí seo a leanas:

- (a) Cinneadh Réime 2008/947/CGB ón gComhairle;
 - (b) Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle;
 - (c) cearta daoine atá faoi drochamhras agus daoine atá cúisithe dá bhforáiltear i dTreoir 2010/64/AE, Treoir 2012/13/AE, Treoir 2013/48/AE, Treoir (AE) 2016/343, Treoir (AE) 2016/800 agus Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
2. Féadfaidh na Ballstáit comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha nó iltaobhacha a thabhairt i gcrích le Ballstáit eile tar éis [LL/MM/BBBB], a mhéid a cheadaítear leis na comhaontuithe nó na socruithe sin forálacha na Treorach seo a leathnú agus nósanna imeachta maidir le forfheidhmiú na ndícháiliúcháin tiomána a shimpliú nó a éascú a thuilleadh, ar dícháiliúcháin iad a forchuireadh mar gheall ar chionta a rinneadh i mBallstát seachas an Ballstát a d'eisigh ceadúnas tiomána an duine lena mbaineann.

Airteagal 19

Trasuí

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [LL/MM/BBBB]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.
- Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.
2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhforálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún faoin [LL/MM/BBBB].

Airteagal 20

Tuarascáil maidir leis an gcur i bhfeidhm

Faoin [teacht i bhfeidhm + 5 bliana], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, tiolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear a tionchar ar shábháilteacht ar bhóithre. Beidh tograí le haghaidh leasuithe ar an Treoir seo ag gabháil leis an tuarascáil, más gá.

Airteagal 21

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 22

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*